



AN GARDÁ SÍOCHÁNA
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2019



BUAICPHOINTÍ NA BLIANA



1,348

pearsanra nua

344

Garda ar fhill ar an líne tosaigh

1m

lucht leanúna sroichte ar fud mheáin shóisialta an Gharda Síochána

€21m

de dhrugaí ar urghabhadh

SRACFHÉACHAINT AR AN NGARDA SÍOCHÁNA

Rinne an Garda Síochána dul chun cinn sa bhliain 2019. Is féidir leis an eagraíocht súil a chaitheamh siar le bród ar a ról féin ní hamháin maidir le sábháilteacht phoiblí a chinntiú ar fud na tíre le bliain anuas, ach leis an ról ríthábhachtach a bhí aige lena stair anuas agus a leanann sé a ghlacadh gach lá i dtaobh daoine a choimeád sábháilte.

Cé go raibh an tréimhse dheireanach deich mbliana anuas an-dúshlánach don Gharda Síochána, rinne an Rialtas infheistíocht bhreise sa tseirbhís agus go leor athruithe chun feabhais faoi Sheirbhís Phóilíneachta don Todhchaí.

Leanaimid le rudaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil. Léirítear é seo sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Cuireadh an tuarascáil le chéile le cabhair ón Údarás Póilíneachta agus leagtar amach go soiléir inti cár bhaineamar spriocanna amach, cár bhaineamar amach go páirteach iad nó nuair nár bhaineamar amach iad. I gcásanna nár bhaineamar amach ár n-aidhmeanna go hiomlán, rachaimid i ngleic leo faoinár bPlean Póilíneachta 2020.

Clár Ábhar

Buaicphointí na bliana	i
Sracfhéachaint ar an nGarda Síochána	1
Réamhrá an Choimisinéara	2
Léargas Ginearálta ar an bPlean Póilíneachta	4
Póilíneacht Náisiúnta	6
Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta	16
Sábháilteacht Phobail	22
Seirbhísí Traseagraíochta	32
Staitisticí	52

37%

Titim i mbuirgléireachtaí cónaithe ó mhí na Samhna 2015

418

Aighneacht chuig an Tionscnamh Do Smaointe

92%

Muinín an phobail sa Gharda Síochána i R3 2019

AN LEIBHÉAL MUINÍNE IS AIRDE AR TAIFEADADH I RITH NA CÚIG BLIANA DEIREANAÍ.

RÉAMHRÁ AN CHOIMISINÉARA



“Tá an Garda Síochána tiomanta do sheirbhís phóilíneachta a sholáthar a chosnaíonn cearta daonna gach duine aonair go hiomlán a ndéanann sé teagmháil leo.”

Bliain a bhí in 2019 ina ndearna an Gharda Síochána dul chun cinn inár misean chun daoine a choimeád sábháilte.

Tháinig borradh ar eagraíocht an Gharda Síochána sa bhliain agus tá anois ann níos mó pearsanra ná mar a bhí riamh roimhe seo; cuireadh feabhas ar an tseirbhís a sholáthraímid don phobal; dhíríomar ní ba mhó ar chearta daonna, agus thosaíomar an t-athrú ba mhó ar an mbealach a sholáthraímid póilíneacht i stair na heagraíochta.

Díríodh go mór in 2019 ar ár dtionscnaimh a sholáthar faoi phlean an Rialtais ‘Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí’, a bhí bunaithe ar thorthaí an Choimisiúin um Thodhchaí Póilíneachta in Éirinn, agus ar ár bPlean Póilíneachta 2019.

I measc na bhfeabhsúcháin a baineadh amach, bhí:

- Athshannadh 344 Gardaí do dhualgais túslíne
- Tosaíodh le gléasanna soghluaisteachta a thabhairt isteach sa túslíne
- Tugadh Córas Bainistíochta Imscrúdaithe isteach
- Cuireadh ár gcéad tionscnamh ‘Do Smaointe’ riamh ar siúl, a fuair breis agus 400 togra ó gach céim agus grád maidir le tacaíochtaí a fheabhsú don túslíne
- Tháinig méadú ar mhaoirseoirí ag céimeanna Sáirsint agus Cigire
- Earcaíodh 748 comhalta den Gharda Síochána.

Ar an rud ba bhunúsaí, cuireadh tús le Samhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm. Beidh Ranna níos mó ann a bhfuil níos mó acmhainní acu; beidh infheictheacht mhéadaithe an Gharda Síochána i bpobail ann; cuirfear réimse níos fairsinge de sheirbhísí póilíneachta ar fáil, go háirithe chun daoine leochaileacha a chosaint, agus díreofar go tréan ar an bpóilíneacht phobail.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm i rith 2019 agus laghdaíodh líon réigiúin an Gharda Síochána anuas ó shé réigiún go ceithre réigiún, agus cuireadh tús le hathruithe a dhéanamh i roinnt Ranna ar bhonn céimnithe.

Faoi mar a luaigh an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, is iad cearta daonna bunchloch agus cuspóir na póilíneachta.

Faoi mar a mhol an Coimisiún, agus ar aon dul lenár n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún Eorpach agus faoi dhlí na hÉireann, tá an Garda Síochána tiomanta do sheirbhís phóilíneachta a sholáthar atá neamhspleách agus neamhchlaonta agus a chosnaíonn cearta daonna gach duine aonair go hiomlán a ndéanann sé teagmháil leo.

Réamhrá an Choimisinéara - ar lean

Faoi Sheirbhís Phóilíneachta don Todhchaí, chuir an Garda Síochána roinnt tionscnamh i bhfeidhm in 2019 chun cearta daonna a aistriú go dtí ceartlár an tsoláthair phóilíneachta. Áiríodh leis seo ár Straitéis Ceart Daonna a fhoilsiú, ár gComhairle Chomhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna a athbhunú, comhairleoir seachtrach um chearta daonna a fhostú agus Aonad um Chearta Daonna a bhunú.

Bhí gliondar croí orm freisin i rith na bliana a bheith i mBaile Brigín, ina bhfuil daoine ó beagnach 100 náisiún, chun Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha an Gharda Síochána a sheoladh.

Céim rithábhachtach chun cinn atá sa Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha chun feabhas a chur ar ár gcumas chun seirbhís phóilíneachta atá dírithe ar chearta daonna a sholáthar. Céim mhór chun cinn ina leith seo a bhí i sainmhíniú oibre a thabhairt isteach ar an gcoireacht fuatha.

Tá an Garda Síochána tiomnaithe freisin do cheachtanna a fhoghlaim, agus easnaimh a shainaithint agus a réiteach trí fhéinmheasúnú criticiúil i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha, ar nós an Údaráis Phóilíneachta.

Ina thaobh seo, rinneadh feabhsúcháin thábhachtacha ar Scéim Athstíurtha Óige an Gharda Síochána agus ar imscrúduithe ar dhúnbhású i ndiaidh na n-athbhreithnithe siúd. Cuireadh fáilte leis na rudaí dearfacha a thug an tÚdarás Phóilíneachta le fios faoi ghairmiúlacht, iomláine agus ionracas na n-athbhreithnithe seo faoi stiúir an Gharda Síochána i limistéir atá chomh tábhachtach sin.

Is léir, ar fud na Tuarascála seo, tiomantas agus dúthracht chomhaltaí, fhoireann agus chomhaltaí chúlchiste an Gharda Síochána chun daoine a choimeád sábháilte. Idir urghabhálacha móra drugaí, agus laghduithe leanúnacha ar bhuirgléireachtaí, agus tionscnaimh chun daoine a chur ar an eolas fúthu féin a chosaint ón gcoireacht, agus idirchaidreamh dearfach a dhéanamh le pobail.

Is féidir na torthaí a bhí air seo a fheiceáil i Suirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail.

Deimhníodh gurbh ionann an ráta íospartha, faoi dheireadh 2019, agus 3.5%; níor chreid ach 21% de dhaoine gur fadhb mhór an choireacht áitiúil; bhí 79% sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobal; agus bhí iontaoibh ag 90% as an nGarda Síochána.

Ar an drochuair, tháinig méadú in 2019 ar dhaoine a maraíodh ar na bóithre i ndiaidh gur maraíodh an líon ab ísle riamh ar na bóithre an bhliain roimhe sin. Má mharaítear duine amháin ar an mbóthar, bás iomarcach amháin atá ann. Táimid go léir freagrach as an méid daoine a mharaítear ar an mbóthar a laghdú, agus oibreimid lenár gcomhpháirtithe um shábháilteacht ar bhóithre agus leis an bpobal chun saol a thabhairt slán agus chun gortuithe tromchúiseacha a laghdú in 2020.

Ba léir an ról rithábhachtach a ghlac an Gharda Síochána chun an Stát a choimeád slán nuair a chuirtear na hurghabhálacha móra armra a bhain de chumas grúpaí easaontacha, na ciontuithe a rinneadh i ngeall ar chionta sceimhlitheoireachta agus na hullmhúcháin mhórsála a rinneadh i ngeall ar theagmhais fhéideartha sceimhlitheoireachta san áireamh. Ní fhéadfaí an obair siúd a dhéanamh murach an comhoibriú dlúth agus an t-eolas a roinneadh lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí, agus le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI), ach go háirithe.

Cabhraíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Coiste um Dhlí agus Ceart an Oireachtais, an tÚdarás Phóilíneachta, Ombudsman an Gharda Síochána agus Cigireacht an Gharda Síochána, anuas ar réimse gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí neamhrialtais a ndéanaimid comhpháirtíocht leo. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo dó seo.

Faoi mar atá seo á scríobh agam, tá an tír le linn ghéarchéim COVID-19. Léirigh pearsanra an Gharda Síochána a dtiomantas chun daoine a choimeád sábháilte agus béim ar leith ar na daoine is leochailí a chosaint agus tacú leo i rith na tréimhse an-dúshlánaí seo don tír agus do dhaoine aonair. Tá seo déanta acu agus gairmiúlacht agus ionbhá mhór á léiriú acu faoi chúinsí an-dúshlánaí. Fírléiriú é ar thairbhe ár dtraidisiúin phóilíneachta trí thoilíú agus i ndlúthcheangal leis an bpobal.

Leanfaidh an Garda Síochána in 2020 ag díriú ar sheirbhís éifeachtúil, éifeachtach agus eiticiúil phóilíní agus slándála a chosnaíonn cearta daonna gach duine.

Drew Harris
Coimisinéir an Gharda Síochána

FORBHREATHNÚ AR AN BPLEAN PÓILÍNEACHTA 2019

Sracfhéachaint ar an dul chun cinn

Bainte Amach

1	Creat Póilíneachta Pobail
2	Straitéis um Éagsúlacht agus Comhtháthú
3	Straitéis Náisiúnta Drugaí
4	Aonad Náisiúnta Comhordaithe um Thascanna
5	Anailís a Earcú
8	Straitéis um Chosc agus Laghdú Coireachta
9	Straitéis um Laghdú Ionsaithe
10	Ionsaithe Teaghlach Imdhealaithe
11	An Biúró um Athstíuradh Leanáí
12	Cúrsa Athstíúrtha Óige Ar Líne
14	Mairís Bhagairt ó Dhrong Choireachta Eagraithe (OCG)
15	Spriocdhírú OCG a thuairisciú
16	Feachtas Feasachta CAB
17	GoAML a Leathnú
20	Imscaradh an Chórais Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS)
22	Córas TF Schengen
24	Cur i bhFeidhm an Phlean Athbhreithnithe ar Dhúnbhású
26	Brath ar Ionsaí Gnéis
28	Prótacal Oibre AGS / TUSLA
29	Uirlis Riosca Drochíde sa Teaghlach
32	Teagmhais um Rialú Comhéigheach
38	Plean Oibríochta Póilíneachta Bóithre
39	Moltaí Crowe Horwath
42	Sceimhlitheoireacht a Aithint agus Díriú
43	Cur isteach ar an Sceimhlitheoireacht
44	Oiliúint Slándála Náisiúnta
45	Feachtas Fan Sábháilte 6 Canna
46	Ceanglais Slándála a Aithint
48	Líonra Idirchaidrimh Idirnáisiúnta na nGardaí
49	ATLAS agus Slándáil Ardriosca
50	Bainistíocht Mhóréigeandála
51	Aonad um Chearta an Duine
52	Straitéis um Chearta an Duine

Bainte Amach - ar lean

54	Athbhunaíodh an Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine
57	Straitéis Foghlama & Forbartha
60	Soláthar Éide Nua
61	Straitéis um Dhaoine
62.1	Earcaíocht - Gardaí
62.2	Earcaíocht - Foireann an Gharda Síochána
63	Earcaíocht - Cúltaca an Gharda Síochána
64	Daonáireamh agus plean an Fhórsa Saothair
68	Dualgais Neamh-Lárnacha a Aithint
70	Clár Oiliúna Ceannaireachta
71	Oiliúint Rialachas
72	Rannpháirtíocht Chultúir Foirne
73	Tionscnamh Idirghabhála Áitiúil
77	Athbhreithniú ar Phróisis Araíonachta
84	An Próiseas Soláthair
85	Samhail Oibríocháin
86	Samhail Phóilíneachta Rannáin
89	Creat Rialachais Chorpáraidigh
90	Céim 2 PAF
92	Ceann na Cumarsáide Inmheánaí
93	Straitéis Cumarsáide Inmheánaí
94	Rannpháirtíocht na Meán Sóisialta
95	Príomhoifigeach Sonraí
96	Bailiú agus Bainistíocht Sonraí
99	Straitéis Dhigiteach
100	Soláthar Feistí Soghluaiste
101	Imscaradh an Chórais Bainistíochta Ábhar Fiontair (ECM)
102	Imscaradh Seolta Ríomhchuidithe (CAD)

Le haghaidh sonraí iomlána ar sheachadadh tionscnamh aonair i bPlean Póilíneachta 2019, téigh chuig www.garda.ie

Forbhreathnú ar an bPlean Póilíneachta 2019 - ar lean

Bainte amach go páirteach

13	Aonad Náisiúnta um Atitímeachas
18	Freagra Armtha 24/7
21	Malartú Sonraí Bithmhéadracha Prüm
23	Plean Feabhsúcháin Brathadóireachta
25	Aonad Rannán um Sheirbhísí Cosanta
30	KPI Íospartach
34	Teagmháil Phearsanta d'Íospartaigh
37	Brathadóireacht Tarrthála
40	Baill Póilíneachta Bóithre
47	Cód Cleachtais CHIS
53	Saincheistanna um Chearta an Duine a Aithint
55	Oiliúint ar an gCód Eitice
65	Sonraíochtaí Poist
66	Ath-ímlonnú Garda
67	Modh Roghnúcháin Ardú Céime
69	Straitéis Cúltaca na nGardaí
76	Beartas Monatóireachta Promhaidh an Gharda Síochána
78	Aonad Frith-Éillitheachta
79	Beartas Frith-Éillitheachta
80	Straitéis Sláinte, Leasa agus Folláine
81	Tacaíocht Iar-Theagmhais
82	Uainchláir Nua a Bhainistiú
83	Bainistiú Eastáit
87	Plean Póilíneachta Costáilte
88	Creat Buiséid & Smachtbhannaí
98	Plean Dearbhaithe Cáilíochta Sonraí
103	Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS)

Nár Baineadh Amach Fós

6	Aonaid Réigiúnacha Cibear-Choireachta
7	Feidhm Faisnéise Coiriúla Bhiúró Náisiúnta Cibear-Choireachta an Gharda Síochána (GNCCB)
19	Aonaid Teagmhála Bhiúró Náisiúnta na Coireachta Eacnamaíochta (GNECB)
27	Comhroinnt Faisnéise TUSLA
31	Tacaíocht maidir le Glaonna Ar Ais don Chonclúid Imscrúdaithe
33	Beartas Coireachta Fuatha
35	Measúnacht Íospartach
36	Stádas Duine ar Iarraidh
41	Moill Taifeadta d'Fhógra Muirear Seasta
56	Ceartha Daonna na Soghonta
58	Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Fhoghlaim agus Forbairt
59	Grúpa Athbhreithnithe Foghlama agus Forbartha
74	Bainistíocht Feidhmíochta
75	Rannpháirtíocht PALF
91	Creat um Bhainistiú Riosca
97	Spriocanna Leibhéal Seirbhíse d'Ionad Seirbhísí Faisnéise na nGardaí (GISC)

PÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA

AONAD AERTHACAÍOCHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA



1,313 UAIR AN
1,479 CHLOIG

2,160 AN LÍON TEAGMHAS AR FREASTALAÍODH ORTHU



35 FEITHICIL AISGHAFÁ



14 DHUINE AR IARRAIDH AIMSITHE



164 DUINE FAOI AMHRAS ARNA GCOINNEÁIL

€21,335,211

DRUGA URGHAFÁ AG AN GNDOCB

18 NARM TINE URGHAFÁ / **14** FHEALLMHARÚ STOPHTHA

228 EARRA RÉADMHAOINE SAINAITHEANTA AMHAIL BHEITH GOIDTE

€3,426,050

LUACH NA RÉADMHAOINE A AISGHABHADH



6,971 LÍON NA NDAOINE AR DIÚLTAÍODH CEAD CHUN TUURLINGT DÓIBH

“Oibríonn na Gardaí ar go leor bealaí éagsúla chun an choireacht a chomhrac agus chun díriú uirthi ar fud na tíre. Glacann sainaonaid, ar nós Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (an GNECB) agus an Bhiúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an GNDOCB) páirt thábhachtach le sábháilteacht phobal timpeall na tíre a chinntiú.”

An tAonad Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil (an NCIU)

Déanann an NCIU nasc díreach le haonaid náisiúnta agus áitiúla imscrúdaithe chun grúpaí coireachta eagraithe ar fud an Stáit a shainaithint, cur isteach orthu agus a chloí, agus roinnt mhaith snáitheanna eolais á dtabhairt le chéile chun barr feabhais a chur ar an íomhá faisnéise.

Oifig an Oifigigh Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil (an NCIO)

Déanann an NCIO idirchaidreamh le gach duine den deichniúr Oifigeach um Fhaisnéis Choiriúil laistigh den Gharda Síochána, agus cuireann sé líne chumarsáide ar fáil chun gur féidir leo a chinntiú go gcuirtear eolas agus faisnéis in iúl faoi theagmhais láithreach. Is é an NCIO an pointe teagmhála aonair is mó le haghaidh Oifigeach um Fhaisnéis Choiriúil agus Gardaí eile laistigh den rannóg Slándála agus Faisnéise maidir le gach ceist faisnéise neamhshuaití.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an GNDOCB)

Achoimre ar Urghabhálacha a rinne an GNDOCB

Catagóir	2019	Iomlán ó Mhárta 2015
Drugáí		
Neamhdhleathacha	€21,335,211	€168,291,221
Airm Thine	18 agus 364 urchar armlóin	109 Arm Tine agus 3380 urchar
Airgead Tirim	€2,506,455 £47590 \$3698 US	€10,823,803 £47590 \$3698 US
Idirghabháil i dteagmhais um bagairt ar bheatha	14	73*

* Gabhálacha san áireamh a rinne an Tascfhórsa Speisialta Coireachta (an SCTF).

* Áirítear leis drugaí a urghabhadh agus gabhálacha a rinneadh agus oibríochtaí Soláthair Rialaithe á ndéanamh i gcomhar le Seirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim.

* Thit 73 Oibríochtaí um Bagairt ar Bheatha amach ó dúnmharaíodh David Byrne ag Óstán an Regency an 5 Feabhra 2016.

Ní bhaineann na staitisticí a sholáthraítear ach le hoibríochtaí faoinar tugadh ina raibh baint ag an GNDOCB. Ní chuirtear san áireamh sna staitisticí urghabhálacha a rinne aonaid agus Ranna eile an Gharda Síochána fud fad na tíre.

Oibríocht Thor

Is í Oibríocht Thor ár n-oibríocht náisiúnta in aghaidh na coireachta a dhíríonn ar bhuirgléireacht. Ó cuireadh tús leis i Samhain 2015, tá an méid seo a leanas bainte amach aige a fhad leis an 31 Nollaig 2019:



11,649 gabháil
256,764 seicphointe



53,608 (-37%)
Teagmhas Buirgléireachta in Áiteanna Cónaithe
21,660 (-27%)
Teagmhas Buirgléireachta Neamhchónaithe

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (an GNPSB)

Daoine ar Iarraidh - Oibríocht Runabay

Sheol an tAonad Daoine ar Iarraidh (an MPU) Oibríocht Runabay in Eanáir 2017 agus lean sí ar aghaidh in 2019. Ba é cuspóir na hoibríochta coirp na ndaoine a aimsíodh ar cheantar cósta thiar na Breataine Móire a shainathint a d'fheadfadh bheith tuairiscithe mar dhaoine ar iarraidh in Éirinn. Baineann idirchaidreamh leanúnach le hOibríocht Runabay idir an Garda Síochána, Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na Ríochta Aontaithe (an NCA), Póilíní na Breataine Bige Thuaidh, chomh maith le Constáblachtaí eile.

Ó bunaíodh Oibríocht Runabay, sainithníodh 11 dhuine ar iarraidh trí úsáid a bhaint as anailís chomparáideach le DNA teaghlaigh. Bhí duine i gceist le cás amháin ar leith a d'imigh ar iarraidh thart ar Lúnasa/Mheán Fómhair 1983. I gcaitheamh an imscrúdaithe ábhartha, fuarthas samplaí DNA ó dhaoine muinteartha chun comparáid a dhéanamh eatarthu agus an corp neamhathaitheanta a bhí suite i gceantar chósta thiar na Breataine Móire. I ndiaidh malartú bithmhéadrach a dhéanamh ar phróifílí DNA leis an RA, sainithníodh an duine ar iarraidh.

Daoine ar Iarraidh in 2019

Daoine ar Iarraidh ag Deireadh na Bliana	67
Teagmhais Daoine ar Iarraidh	9,493

Tá na figiúirí seo bunaithe ar shonraí oibríochtúla a bhí curtha i dtaifead ar PULSE amháin an 04/02/2020 agus d'fheadfadh athrú teacht orthu.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

An Líne Ghutháin um Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí a Thuairisciú (CSAR)

Tá líne ghutháin thiomnaithe ag an nGarda Síochána chun drochúsáid ghnéasach leanaí de chineál stairiúil a thuairisciú. Is í uimhir na líne gutháin **1800 555 222**. Bíonn foireann ag oibriú don líne ghutháin saorghlao rúnda seo ar bhonn 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain.

Spreagann an Garda Síochána íospartaigh na drochúsáide gnéasaí leanaí chun aon teagmhas den chineál sin a thuairisciú a luaithe agus is féidir, na teagmhais siúd ina measc a mbaineann cineál stairiúil leo. I gcomhar le seoladh na líne ghutháin, d'fhoilsigh an Garda Síochána treoir ar na roghanna atá ar fáil do dhaoine ar mian leo coir ghnéasach agus dhrochúsáide gnéasaí leanaí a thabhairt le fios.

Cuireadh 97 glao, ar an iomlán, ar líne ghutháin an CSAR in 2019.



Gáinneáil ar Dhaoine

Sainaitníodh 42 íospartach na gáinneála ar dhaoine in 2019, agus sainaitníodh 64 íospartach na gáinneála ar dhaoine in 2018. Is ionann seo agus laghdú 34% anuas ó 2018 go 2019. D'fhéadfadh gur chuir roinnt tosca leis an laghdú seo, ach ba iad na hathruithe a rinneadh ar an Scéim Oibre Neamhthipiciúla don fhoireann Neamh-LEE i gcabhlach iascaireachta na hÉireann i rith na tréimhse 2018/19 an ceann ba shuntasáí, áfach. Faoin socrú nua, is féidir le hiascairí fostóirí a athrú gan baint dá stádas inimirce agus, ar an ábhar sin, baineann seo an ghné fhéideartha rialaithe den gháinneáil ar dhaoine. As na 64 cás a cuireadh i gcuntas don bhliain 2018, b'ionann an Scéim Oibre Neamhthipiciúil agus 21 ceann díobh. Ní dhearnadh aon Scéim Oibre Neamhthipiciúla a thabhairt le fios nó a chur i gcuntas in 2019.

Chuir an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine (an HTICU) roinnt laethanta sainoiliúna ar siúl in 2019 agus sannadh pearsanra d'imscrúdú a dhéanamh ar striapachas eagraithe, trí Oibríocht Quest, don phearsanra laistigh den Gharda Síochána agus do na gníomhaireachtaí rialtais seachtracha ábhartha.

Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne

Cuireadh 11 Aonad Seirbhísí Cosanta Roinne (DPSUanna) bhreise nua chun feidhme in 11 Roinn an Gharda Síochána in 2019 - Mórcheantar Bhaile Átha Cliath an Iarthair (2 DPSU); Cathair Chorcaí; Corcaigh Thiar; Mórcheantar Bhaile Átha Cliath Thoir; Mórcheantar Bhaile Átha Cliath Theas; Mórcheantar Bhaile Átha Cliath Theas Láir; Gaillimh; Ciarraí; Cill Chainnigh/Ceatharlach; Luimneach; Lú; Tiobraid Árann; Port Láirge; Cill Mhantáin, agus an Clár.

Chuir seo leis na haonaid atá bunaithe cheana féin agus tá 15 an SPSU anois ann, ar an iomlán. Beartaítear go mbunófar na DPUanna eile in 2020.

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (an GNECB)

Imscrúduithe agus Ionchúisimh Rathúla

Thug an GNECB faoi roinnt imscrúduithe casta in 2019 a ndearnadh ionchúisimh, ciontuithe, agus urghabhálacha dá mbar, an méid seo a leanas ina measc:

Oibríocht Jaywalk

Bunaíodh oibríocht bunaithe ar fhaisnéis chun díriú ar ghrúpa coireachta eagraithe (GCE) ar leith ar ceapadh go raibh baint aige i mbearradh, anás airgid agus sciúradh airgid. I gcaitheamh imscrúdú amháin ar leith, faoinar tugadh i gContae na Mí i Márta 2019, urghabhadh méideanna móra de threalamh beartha, 50 cárta bainc clónáilte ina measc a bhí réidh lena n-úsáid.

Oibríocht Omena

Oibríocht atá i gceist le hOibríocht Omena faoina dtugann an tAonad um Choireacht Íocaíochta ina bhfuil imscrúdú leanúnach i gceist, i gcomhar le húdarais forfheidhmithe an dlí san Fhionlainn agus cúnamh ó Europol agus Eurojust, a bhaineann le gníomhaíochtaí GCE ina bhfuil náisiúnaigh Rómánacha a bhfuiltear in amhras go bhfuil siad ag oibriú in Éirinn. Liamhnaítear go bhfuil baint ag ábhar imscrúdaithe GCE in Oibríocht Omena i gcalaois agus sciúradh airgid cibearbhunaithe.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Go dtí seo, shaináithin oifigigh imscrúdaithe ag an GNECB thart ar 200 cuntas bainc, a bhfuiltear in amhras gur oscail 22 duine, ar mhaithe le cuspóirí sciúrtha airgid. Táthar in amhras go ndearnadh thart ar €2.8 milliún a sciúradh trí na cuntais seo. I rith 2019, gabhadh 12 dhuine aonair, ar an iomlán, agus cúisíodh seachtar maidir le roinnt cionta coiriúla líomhnaithe. Gearradh pianbhreith ar bheirt daoine i Samhain 2019.

Duine a rinne Sciúradh Airgid a Chiontú

Rinneadh duine a chiontú i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath Cúirt in Iúil 2019 i ngeall ar €1.6 milliún a sciúradh. Bhí an ciontú mar thoradh ar imscrúdú forleathan a rinne an GNECB, i gcaitheamh roinnt blianta, ina ndearnadh fiosrúcháin in ocht ndlínse eile. Thit an triail choiriúil ábhartha amach i gcaitheamh tréimhse seacht seachtaine agus ciontaíodh duine mar thoradh uirthi maidir le 20 cion, roinnt cionta ina measc a bhain le dallamullóg, ina raibh íospartaigh i gceist a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Gearradh pianbhreith príosúnachta seacht go léir bliain ar an gciontú.

Diriú ar Dhaoine a Cheaptar gur Sciúirthóirí Airgid Dara Sraithe iad

Mar thoradh ar ionchúisimh a rinne an tAonad Sciúrtha Airgid agus Imscrúdaithe in 2019, rinneadh dhá chiontú ag Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, maidir le cionta a bhain le sciúradh airgid. Ceaptar gur sciúirthóirí airgid dara sraithe, nó 'miúileanna airgid', faoi mar a dtugtar orthu go minic, iad an bheirt daoine a ciontaíodh. Rinneadh na ciontuíthe mar thoradh ar an ról a ghlac na 'miúileanna airgid' i dtaobh aistriú cistí a éascú a d'eascair as calaois a bhain le sonrasc €1.1 milliún a atreorú.

Custom House Capital

Gnóthas infheistíochta é Custom House Capital (CHC) ar deimhníodh go ndearna sé mí-leithghabháil ar tuairim is luach €66.5 milliún de chistí cliant. Tá imscrúdú coiriúil á dhéanamh ag an GNECB a bhaineann leis na cúinsí a bhí mar chúis le cliseadh CHC. Chuir an GNECB comhad imscrúdaithe faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in 2019 chun breithniú a dhéanamh air i ndiaidh imscrúdú fadálach ar cuireadh tús leis in 2011.

Tuskar Asset Management

Chuaigh Grúpa Tuskar Asset Management (TAM) cpt faoi leachtú in 2009, agus thart ar €50 milliún le híoc aige le bainc. Chuir an GNECB tús ina dhiaidh sin le himscrúdú coiriúil in 2010. I ndiaidh imscrúdú fadálach, chuir an GNECB comhad imscrúdaithe faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in 2019 chun breithniú a dhéanamh air.

Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána (an GNCCB)

Cásanna Nua agus Dúnta

Oscailíodh 529 cás nua mar gheall ar iarrataí nua ar chúnamh leis an GNCCB in 2019. Dúnadh 405 cás eile, ar an iomlán, laistigh de 2019.

As na hiarrataí nua ar chúnamh i rith 2019, ba iad na sé chatagóir ba mhó de réir méid:

- Pornagrafaíocht Leanaí - 296 cás
- Goid agus Calaois - 66 cás
- Dúshaothrú Leanaí / Mealltóireacht - 38 cás
- Aisghabháil Sonraí - 37 cás
- Ciapadh - 21 cás
- Dúnmharú - 14 cás.

Saintacaíocht a Tugadh d'Imscrúduithe

D'oibrigh an GNCCB le réimse faisning rannóg agus aonad i rith na bliana chun tacaíocht theicniúil a sholáthar d'imscrúduithe agus cásanna cúirte, an méid seo a leanas ina measc:

Imscrúduithe ar Thromchoireacht

Chuir an GNCCB cúnaimh ar fáil d'aonaid oibríochtúla agus, nuair ba ghá, thug sé tús áite do scrúdú fóirínseach a dhéanamh ar fhoilseáin maidir le dúnmharú, dronga coiriúla eagraithe, daoine ar iarraidh, sceimhlitheoireacht, agus imscrúduithe eile tromchúiseacha in 2019.

Imscrúduithe ar Dhúshaothrú Leanaí

Chabhraigh an GNCCB i roinnt cásanna i rith na bliana inar éirigh daoine aonair a ionchúiseamh ar chúisimh, ar nós dúshaothrú leanaí, agus seilbhe agus dáilte ar ábhar drochíde leanaí.

Líonra Faisnéise agus Ardán Slán chun Fianaise a Chur i gCoibhneas agus a (INSPECTr)

Tionscadal trí bliana atá cistithe ag an AE é INSPECTr ar cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2019. Rinne an GNCCB ionadaíocht don Gharda Síochána mar chomhpháirtí cuibhreannais agus tugann sé faoi ról ceannais i nGrúpa Stiúrtha na Gníomhaireachta um Fhorfheidhmiú an Dlí. Is éard a bheidh i gceist le príomhchuspóir INSPECTr chun ardán comhroinnte faisnéise agus próiseas úrnua a fhorbairt chun príomhshonraí a bhailiú, a anailísiú, a chur i láthair agus tús áite a thabhairt dóibh. Cabhróidh seo le coireacht a thuar, a bhrath agus a bhainistiú chun tacú le gníomhaireachtaí iolracha ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (an BSC)

Ar cheann de na rudáí ba mhó ar dhírigh an BSC air i rith 2019 ná comhpháirtithe le GCEanna. Leagadh béim ar leith ar dhírú ar na sraitheanna ar leibhéal níos ísle de choirpigh, anuas ar dhronga coireachta níos tromchúisí, mar iarracht chun cur isteach ar dhul chun cinn daoine aonair laistigh de na dronganna seo.

Dhírigh an BSC i rith na bliana ar GCEanna agus ar dhaoine aonair a bhí bainteach i réimse fairsing coireanna, robálacha; buirgléireachtaí; calaois; uathmheaisín bainc (UMBanna) a ghoid; daoine a smugláil; sracaireacht ó thionscal na tógála; seirbhísí slándála neamhcheadúnaithe a sholáthar; feithiclí goidte; drugaí rialaithe a dhíol agus a sholáthar; gléasanna criptithe a dhíol; smugláil breosla agus tobac; agus ceardaithe bréagacha ina measc.

I measc shaghas na sócmhainní ar dhírigh an BSC orthu i rith na bliana, bhí airgead tirim; criptea-airgeadra; airgead a bhí á choimeád i gcuntais bhainc agus oifig an phoist; seodra ardluacha; málaí láimhe dearthóra; éadaí dearthóra; mótarfeithiclí, agus réadmhaoin chónaithe.

Chuir an BSC oiliúint i rith 2019 ar 104 Próifíleoir Sócmhainní Roinne breise áitiúil, agus tá anois 457 Próifíleoir ann dá bharr.

Foilseofar sonraí iomlána faoi ghníomhaíochtaí an BSC i rith 2019 ina thuarascáil bhliantúil.

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (an GNIB)

Comhoibriú Ilghníomhaireachta

Thug aonaid imscrúdaithe an GNIB in 2019 faoi roinnt cigireachtaí agus imscrúduithe ilghníomhaireachta, roinnt san áireamh ar cuireadh tús leo mar gheall go raibh amhras ann go raibh náisiúnaigh neamh-Eorpacha, arb inimircigh neamhdhleathacha iad, á bhfastú sa tionscal feola. Rinne an GNIB idirchaidreamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh Coimisiún (an CCÁO) agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS) ar mhaithe le dul i ngleic le hinimircigh neamhdhleathacha a fhostú sa tionscal seo.

Thug an Garda Síochána in Aibreán faoi chomhoibríocht leis an CCÁO ag áitreabh próiseálaí feola atá lonnaithe i lár na tíre. Gabhadh beirt náisiúnach Bhrasaíleacha a raibh cáipéisí bréagacha faoina seilbh acu. Ionchúisíodh agus baineadh iad ón Stát i ndiaidh ciontuíthe cúirte.

Thug an GNIB faoi chuardaigh bhreise i Meán Fómhair ag áiteanna cónaithe príobháideacha sa Longfort agus sa Mhí ar aithníodh go raibh baint acu le cártaí agus cáipéisí bréagacha aitheantais a tháirgeadh agus a dháileadh a raibh sé beartaithe go mbainfeadh oibríthe atá fostaithe sa tionscal feola úsáid astu. Mar thoradh air sin, gabhadh agus ionchúisíodh duine amháin maidir le sárúithe ar fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.

Imscrúduithe i gcomhar le húdaráis Inimirce na Ríochta Aontaithe (an RA)

Thug an GNIB, i gcomhar le húdaráis inimirce an RA i rith 2019 faoi roinnt imscrúduithe ar náisiúnaigh tríú tír, i.e. ón gCuáit, an Albáin, an Laitvia, an Iaráic, a rinne iarracht chun an Comhlímistéar Taistil (an CLT), agus an RA, ach go háirithe, a iontráil trí Éirinn, ar chabhraigh daoine leo a gceaptar gur baill de GCEanna iad. Rinneadh roinnt mhaith gabhálacha agus ciontuíthe ina dhiaidh sin mar thoradh ar imscrúduithe.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Daoine Aonair a Bhaint agus a Dhiúltú in 2019

In 2019, diúltaíodh iarratais 6,971 neamhnáisiúnach, ar an iomlán, chun teacht i dtír sa Stát, i ndiaidh gur tháinig siad isteach in Aerfort Bhaile Átha Cliath, i gcomparáid le 4,422 iarratas in 2018. Diúltaíodh 4,358 iarratas, ar an iomlán, a rinneadh idir an 1 Eanáir 2019 agus an 31 Nollaig 2019 ar chead chun teacht i dtír ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhain an Garda Síochána ón Stát iad agus d'iontráil 2,613 an próiseas tearmainn.

Figiúirí Bainte 2019

Daoine a díbríodh	156
Daoine a baineadh ón AE	64
Daoine a aistríodh	26
Iomlán	246

Oibríocht Mombasa

Dhírigh an GNIB, mar chuid d'Oibríocht Mombasa, in 2019 ar ghníomhaíochtaí GCE ina raibh náisiúnaigh Sheoirseacha a chónaíonn in Éirinn. Táthar in amhras go bhfuil baint acu le cáipéisí bréagacha taistil agus aitheantais a tháirgeadh ar scála mór.

Rinne an GNIB 13 bharántas cuardaigh a fhorghníomhú i rith an imscrúdaithe a ndearnadh mórmhéid fianaise fhéideartha a urghabháil agus a ndearna trí ghabháil ina dhiaidh sin i mí na Nollag dá bharr.

Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (AÉFP)

Aonad den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais is ea AÉFP. Bunaíodh é i mBealtaine 2018, chun sonraí an Taifid ar Ainmneacha Paisinéirí (TAP) a bhailiú agus a phróiseáil, ar mhaithe le sceimhlitheoireacht agus tromchoireacht a chosc, a bhrath, a imscrúdú, agus a ionchúiseamh. Tá naonúr ball den Gharda Síochána ar iasacht faoi láthair leis an aonad, ar bhonn lánaimseartha, agus tá beirt bhall eile ar iasacht go páirtaimseartha.

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Imscrúdú Coiriúil (an GNBCI)

Tacaíocht Náisiúnta a thabhairt d'Imscrúduithe ar Thromchoireacht

Thug an GNBCI cabhair i gcaitheamh 2019, ar leibhéal náisiúnta, do 12 imscrúdú, ar an iomlán, a bhaineann le dúnmharú, agus dhá cheann a bhain le hiarracht ar dhúnmharú. Tugadh cúnamh freisin d'imscrúdú a bhaineann le príosúnacht bhréagach. Tugann an GNBCI cabhair trí imscrúdaitheoirí oilte a sholáthar, ag tráthanna rithábhachtacha in imscrúduithe, agus pearsanra a sholáthar ar cuireadh oiliúint orthu maidir le daoine a bhfuil amhras fúthu a chur faoi agallamh.

An tAonad um Imscrúdú Mótarfheithiclí Goidte (an SMVIU)

Ghabh an SMVIU 27 duine in 2019 a raibh amhras fúthu go raibh baint acu le feithiclí a ghoid. Bhí baint ag an aonad freisin le 228 earra réadmhaoine a shainaithe mar earraí goidte. Cuireadh luach €3,426,050 ar an réadmhaoine a raibh baint ag an SMVIU lena haisghabháil. De bhreis air sin, d'éirigh leo 16 chiontú a dhéanamh maidir le himscrúduithe faoinar thug an SMVIU.

Imscrúduithe Ilghníomhaireachta

Lean an GNBCI le caidreamh a neartú in 2019 le gníomhaireachtaí rialála imscrúdaithe intíre, an Rannóg Sláine Phas san áireamh laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhain imscrúduithe faoinar tugadh le sárúithe amhrasta ar fhorálacha Acht na bPasanna, 2008, coiriúlacht amhrasta maidir le feoil chapail a phróiseáil, uisce buidéalaithe, agus alcól neamhdhleathach a thrádáil.

Lean an GNBCI le hidirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha, a dhéanann ionadaíocht don Gharda Síochána sa Choiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola ar mhaithe le tabhairt faoi chigireachtaí ilghníomhaireachta. I measc na gcigireachtaí, bhí saincheisteanna ar nós feithiclí a bhfuil a ré caite (FRCanna), dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL), agus bailiúchán neamhcheadúnaithe dramhaíola agus a diúscairt neamhdhleathach.

Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Ghlac an GNBCI páirt in 2019, i dteannta an Aerchóir, an Gharda Cóstá agus na hOifige Suirbhéireachta Muirí, in oibríocht 30 Lá ar Muir (30 Days at Sea) de chuid Interpol. Cuireadh tús leis an oibríú mar fhreagairt do ghairm chun forfheidhmiú idirnáisiúnta a mhéadú in aghaidh coireacht chomhshaoil. Tugadh faoi bhreis agus 5,200 cigireacht, a shainaithin coireanna dramhaíola agus sárúithe riaracháin in 84 tír agus críoch timpeall an domhain.

An tAonad um Choireacht Maoin Intleachtúil

Oibríocht Aphrodite II

Ghlac an GNBCI páirt in 2019 in Oibríocht Aphrodite II a cuireadh ar bun ar fud an AE in aghaidh earraí góchumtha. Comh-imscrúdú a bhí san oibríocht faoinar thug údarás forfheidhmithe dlí ó 18 dtír, agus ar thacaigh Europol leis, ar urghabhadh luach €4.7 milliún de tháirgí góchumtha dá bharr. Dúnadh 16,470 cuntas meán sóisialta agus 3,400 láithreán gréasáin a raibh táirgí góchumtha á ndíol acu i rith na hoibríochta.

I gcaitheamh na hoibríochta in Éirinn, tugadh faoi 14 chuardach ar áitribh agus rinneadh 400 gléas neamhdhleathach sruthaithe a urghabháil, anuas ar ghléasanna leictreonacha a bhain le sruthú neamhdhleathach. Urghabhadh beagnach 4,000 earra, eochracha góchumtha gluasteáin agus codanna mótarfheithicle ina measc, i rith na n-imscrúduithe. I gcomhar leis an tionscal, baineadh 4,900 leathanach gréasáin a sháraigh cóipcheart agus trádmharc ó Facebook agus láithreáin ghréasáin fógraíochta.

Gabhadh luach 500,000 d'earraí góchumtha i mBaile Átha Fhirdhia i bhFeabhra 2019.

An tAonad Eiseachadta

D'éirigh leis an Aonad Eiseachadta an méid seo a leanas a dhéanamh i rith na bliana:

	2019	2018
Barántais ghabhála a tháinig isteach	147	127
Teifigh a d'fhill ar Éirinn	56	62
Teifigh a d'fhill ar dhlínsí eile	95	62

Áiríodh le daoine a eiseachadadh ó Éirinn go háiteanna eile, in 2019, roinnt daoine a líomhnaítear gur ghlac siad páirt i ndúnmharú; duine a eiseachadadh chuig an SAM maidir le líomhaintí go raibh pornagrafaíocht á táirgeadh agus á díol acu i gcaitheamh tréimhse 30 bliain, agus eiseachadadh duine go dtí Tuaisceart Éireann a líomhnaítear gur ghlac siad páirt i gcionta gaolmhara sceimhlitheoireachta.

An Fhoireann Athbhreithnithe Tromchoireanna (an SCRT)

In 2019, thug an SCRT faoi athbhreithnithe ar imscrúduithe faoinar tugadh i roinnt Ranna an Gharda Síochána, a bhain le tromchoireacht agus dúnbhású amhrasta.

Lean an SCRT, i gcaitheamh 2019, le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach ag féachaint leis an láthair a shainaithint ina bhfuil corp daoine a chreidtear a fuair bás agus nár aimsíodh a gcorp.

Tugann an SCRT faoi fhiosrúcháin freisin thar ceann an Líonra Eorpaigh um Chinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh: imscrúdú agus ionchúiseamh.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Seirbhísí Tacaíochta Oibríochtúla

Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (an GASU)

In 2019, thug aerárthaí an GASU aghaidh ar 1,479 eitilt fad a bhí siad ag freastal ar bhreis agus 2,160 teagmhas. I rith an imlonnaithe seo, rinneadh 164 duine a raibh in amhras orthu a chur faoi choinneáil, aimsíodh 14 dhuine a bhí ar iarraidh agus aisghabhadh 35 feithicil. D'fhreastail an tAonad ar bhreis agus 1,100 teagmhas laistigh den Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2019.

Cás-Staidéar

D'fhreagair an GASU an 5 Feabhra 2019 do thóraíocht feithicil a bhí ar bun. Bhí baint ag an bhfeithicil a rabhthas in amhras uirthi i roinnt teagmhais bhuirgléireachta i gceantar Chontae Chill Mhantáin. Tiomáineadh an feithicil agus na daoine a bhí inti ar ardluas feadh an M11, an M50 agus an M4. Rinne an GASU an tóraíocht a bhunú lasnairde agus chuir siad tráchtairacht ar fáil maidir leis an treo a ghabh an feithicil. Rinneadh na daoine a bhí san feithicil a bhí faoi amhras í a thréigeadh. Gabhadh duine amháin faoina raibh amhras láithreach. Chuaigh an dara duine faoina raibh amhras taobh thiar de sheid sna gairdíní ar chúl áitribh agus rinne an GASU Gardaí a threorú chuig an láthair agus coinníodh an té a raibh amhras faoi ina dhiaidh sin. Nuair a d'fhill an fhoireann ar an mbunáit, rinne siad athbhreithniú ar an bpíosa scannáin ón tóraíocht agus thug siad faoi deara go bhfuair duine amháin faoina raibh amhras réidh le réadmhaoin i ngar don áit ar thréigeadh an feithicil. Cuireadh na Garda imscrúdaithe ar an eolas ar an láthair seo agus d'aimsigh siad guthán póca. Bhí réadmhaoin ghoidte san feithicil faoina raibh amhras, toitíní, gutháin, táibléid leictreonacha, cártaí SIM, agus airgead tirim san áireamh.

Aonad Gadhar an Gharda Síochána

Bhí baint ag Aonad Gadhar an Gharda Síochána i mbreis agus 435 cuardach i rith 2019. Áirítear leo seo cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh, drugaí, airm thine, substaintí pléascacha agus réadmhaoin ghoidte.

Cás-Staidéar

Thit robáil faoi airm amach ag ionad siopadóireachta i mBaile Brigín nuair a d'iontráil fear an siopa agus scian mar arm aige. Goideadh suim airgid thirim agus d'éalaigh an duine ar chos. Sannadh Aonad Gadhar an Gharda Síochána do Bhaile Brigín chun tabhairt faoi chuardach ar reilig mar gheall go rabhthas in amhras go raibh drugaí curtha i bhfolach ann.

Chabhraigh an láimhseálaí le dul sa tóir ar an duine a raibh amhras faoi, agus i ndiaidh roinnt cuardach agus i ndiaidh gur tugadh le fios roinnt uaireanta go bhfacthas é, thángthas ar an duine a raibh amhras faoi i bhfolach i bhfál. Theith an duine a raibh amhras faoi ón bhfál chun madra an Gharda Síochána a sheachaint agus ghabh na Gardaí áitiúla é. Thángthas ar airgead tirim a bhí i bhfolach ag an duine a raibh amhras faoi nuair a gabhadh é.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Aonad Uisce an Gharda Síochána

I rith 2019, thug an GWU faoi chuardaigh dhaonnúla ar dhaoine ar iarraidh i ngach Réigiún an Gharda Síochána agus rinne an tAonad ocht gcorp, ar an iomlán, a aisghabháil.

Iarradh ar an Aonad freisin chun cuardach a dhéanamh ar airm thine agus airm eile a bhain le himscrúdú a dhéanamh ar thromchoireacht i ngach Réigiún an Gharda Síochána. Cuireadh físeáin agus grianghraif faoi uisce ar fáil do Ghardaí imscrúdaithe chun tacú leis na hoibríochtaí seo.

Thug Aonad Uisce an Gharda Síochána faoi chuardaigh slándála agus i suíomhanna teoranta sular thug daoine móra le rá cuairt ar láithreacha muirí, agus glanadh bearta agus cabhlacha loinge sular tháinig roinnt long i dtír a chruthaigh bagairt slándála.

Cuireadh cúnaimh ar fáil do Ghardaí ó Aonad Uisce an Gharda Síochána a raibh imscrúdú á dhéanamh acu ar bháid, innill agus trealamh eile muirí a goideadh. Ba léir an tábhacht mhór a bhain le líonra forleathan an Aonaid de theagmhálaithe Póilíní Muirí Eorpacha nuair a bhí imscrúdú a dhéanamh ar na coireanna seo.

Tugadh faoi phatróil mhuirí ar mhaithe leis an Reachtaíocht Mhuirí a fhorfheidhmiú, Seaicéid Tarrthála a chaitheamh san áireamh, i ngach Réigiún an Gharda Síochána i rith 2019. Thug an tAonad faoi phatróil maidir leis an Reachtaíocht um Paisinéirí Báid freisin.

Cás-Staidéar

D'aisghabháil foireann chuardaigh Aonad Uisce an Gharda Síochána taisceadán ó Loch Chluain Lúirne, an Tulach, Contae an Chláir i mí na Nollag 2019. Goideadh an taisceadán i mbuirgléireacht a thit amach roimhe sin ag Baile Locha Riach, Contae na Gaillimhe.

Marc-Aonad an Gharda Síochána

Bíonn na gnáthoibríochtaí ar a bhfreastalaíonn an tAonad bunaithe ar chosc na coireachta, den chuid is mó, ach bíonn oibríochtaí oird phoiblí; rialú slua; cosanta daoine móra le rá, agus dualgais searmanais, e.g. Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig agus cuairteanna daoine móra le rá i gceist leo freisin. Thug Marc-Aonad an Gharda Síochána faoi phatróil ard-infheictheachta um chosc na coireachta mar chuid d'Oibríocht Thor i láithreacha éagsúla, agus faoi dhianphatróil oíche chun cabhrú le teagmhais oird phoiblí. Thug an tAonad cúnaimh uathúil ag Páirc an Chrócaigh nuair a bhí cluichí/ceolchoirmeacha móra ar siúl, agus ghlac buntáiste airde príomhról chun cabhrú le rialú slua a dhéanamh agus maidir le tródaim scagtha nuair a bhí na himeachtaí thart.

Cás-Staidéar

Bhí patról marcach á dhéanamh ag beirt chomhaltaí de Mharc-Aonad an Gharda Síochána an 28 Samhain 2019 i mBarra an Teampaill nuair a cuireadh ar an eolas iad go ndearnadh beirt turasóirí ón bhFrainc a robáil tamall roimhe sin. Rinne fear a raibh éadaí agus caipín á gcaitheamh aige, ar rothar, €100 a robáil uathu i ndiaidh dó bagairt orthu le rud ar cheap siad a raibh scian i gceist leis. Thug na Marc-Ghardaí faoi chuardach forleathan sa limistéar agus chonaic siad beirt fhear a bhí gléasta ar aon dul leis an gcur síos a rinneadh orthu agus iad ag cromadh síos idir gluasteáin a bhí páirceáilte i bPlás na mBráithre Bána. Stop siad na daoine a raibh amhras fúthu agus rinne siad iad a chuardach agus d'iarr siad ar chabhair ó na Gardaí áitiúla. Thángthas ar airgead tirim a bhí i seilbh ag duine de na daoine a raibh amhras fúthu, chomh maith le heochair a bhí ceangailte le sreang agus le caol a lámhe a gceaptar gurbh é sin an rud a úsáideadh mar arm sa robáil. Deimhníodh go raibh an rothar a d'úsáid duine amháin de na daoine a raibh amhras fúthu goidte. Tógadh na daoine a raibh amhras fúthu go dtí Stáisiún Gardaí Shráid an Phiarsaigh chun imscrúdú breise a dhéanamh.



Póilíneacht Náisiúnta - ar lean

Aonad Oird Phoiblí Náisiúnta an Gharda Síochána (an GNPOU)

Chabhraigh an GNPOU in 2019 le patróil ard-infheictheachta um chosc na coireachta a dhéanamh i rith an deireadh seachtaine in áiteanna i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a dtiteann teagmhais oird phoiblí amach go minic. Chuir an GNPOU 715 patról réamhghníomhach um chosc na coireachta i gcuntas i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2019.



Leantar le hoibriú agus ceannas an GNPOU a athbheithniú agus a fhorbairt.

Lean an GNPOU i rith 2019 le moltaí Chigireacht an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm, ar iarr an tÚdarás Póilíneachta orthu i nDeireadh Fómhair 2018 chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht na póilíneachta a dhéanann an Garda Síochána ar chásanna oird phoiblí, i gcomhréir le hAlt 117(2)(c) d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Críochnaíodh an tuarascáil seo go luath in 2019. D'fhorbair an Garda Síochána roinnt sruthanna oibre chun na moltaí a thabhairt chun cinn, Measúnacht Straitéiseach ar an mBagairt agus ar an Riosca i dtaobh Ord Poiblí san áireamh.

Páirt á glacadh ag Marc-Aonad an Gharda Síochána in oiliúint ar Ord Poiblí.



SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA



+300 AN MÉID DÍDEANAITHE AR A NDEARNA PEARSANRA AN SDU SCAGADH SLÁNDÁLA FAOI CHLÁR ATHLONNAITHE DÍDEANAITHE NA HÉIREANN



11 DUINE CIONTAITHE GO RATHÚIL OS COMHAIR NA CÚIRTE COIRIÚLA SPEISIALTA AGUS NA HARDCHÚIRTE

98 TEAGMHAS DE SHAGHAS GÉILL / BARACÁIDE / FÉINMHARAITHE (GBF) IN 2019



55 GARDA SANNTA DON ASU

4,390 MÉADÚ 18% I GCOMPARÁID LE 2018 TEAGMHAIS RIOSCA NÍOS AIRDE GAN CHOINNE A LÁIMHSEÁIL AN ASU

“Is é ról Slándála agus Faisnéise chun an bhagairt atá roimh an Stát a shainaitheint agus a anailísiú a chruthaíonn sceimhlitheoirí agus dronganna coireachta eagraithe. Tacaíonn an rannóg le haonaid oibríochtúla trí leideanna faisnéise a sholáthar a bhaineann leis an dá limistéar.”

Slándáil agus Faisnéis

Is é ról Sheirbhís Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála (GNCSIS) chun an bhagairt atá roimh an Stát a shainaitheint agus a anailísiú a chruthaíonn dronganna sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe. Tacaíonn an rannóg le haonaid oibríochtúla trí leideanna faisnéise a sholáthar a bhaineann leis an dá limistéar. Leanann an Garda Síochána le glacadh le cur chuige réamhghníomhach straitéiseach i leith gníomhaíocht choiriúil agus slándáil náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar réimse dúshlán a bhí ag dul i méid. Tugadh aghaidh ar na dúshlán seo in 2019 trí fhrithbhearta bagartha a chur i bhfeidhm. Trí obair an GNCSIS, cuireann Éire timpeallacht shábháilte agus shlán ar fáil dá cónaitheoirí agus gnólachtaí. Níor tháinig aon athrú ar an leibhéal bagartha ‘measartha’ sa dlínse seo ón mbliain 2018 ar aghaidh, a thugann le fios “go bhféadfadh ionsaí titim amach ach ní dóchúil go dtitfidh”. Leanann an Garda Síochána le hathbhreithniú seasmhach a dhéanamh ar an leibhéal bagartha. Téitear i mbun na mbeart cuí go léir de réir na timpeallachta bagartha atá i gceist. Lean an Garda Síochána ag comhoibriú go dlúth lenár gcontrapháirteanna san Aontas Eorpach agus idirnáisiúnta i dtaobh faisnéis a roinnt agus freagairt ar bhagairtí.

Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - ar lean

An tAonad Speisialta Bleachtaireachta (an SDU)

Ghlac an SDU le ról ríthábhachtach chun slándáil a sholáthar do roinnt mhaith cuairteanna oifigiúla a thug uaisle ón gcoigríoch, an chuairt a thug a Mhórgacht Ríoga, Prionsa na Breataine Bige agus a Mórgacht Ríoga, Bandiúc Cornwall i mBealtaine; an chuairt oifigiúil a thug Rí Carl XVI Gustaf agus Banríon Silvia na Sualainne i mBealtaine; an chuairt a thug Uachtarán na Stát Aontaithe, Donald Trump i Meitheamh, agus a thug Rí Willem-Alexandra agus Banríon Maxima na hÍsiltíre i Meitheamh san áireamh.

Lean an SDU ag oibriú go dlúth leis an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais, agus é ag tabhairt faoi scagadh slándála ar bhreis agus 300 dídeanaí chun athlonnú in Éirinn a éascú faoi Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe Rialtas na hÉireann.

Anuas air sin, thug an SDU faoi roinnt mhaith oibríochtaí faoi stiúir faisnéise i dtaobh póilíneacht frithsceimhlitheoireachta, agus d'éirigh leo airm thine, muinisean agus armlón a urghabháil, anuas ar déantóirí na gcoireanna seo a ghabháil agus a ionchúiseamh dá bharr.

Rinneadh tailte i ngar d'Ó Méith i gContae Lú a chuardach mar thoradh ar oibríocht amháin díobh siúd a dhírigh ar Poblachtaigh easaontacha, agus aimsíodh dhá arm tine, pléascáin, agus méid mór armlóin ina dhiaidh sin.

D'éirigh leis an SDU 11 dhuine a chiontú i rith 2019 os comhair na Cúirte Coiriúla Speisialta agus na hArdchúirte.

D'oibrigh an SDU freisin le comhghleacaithe idirnáisiúnta eile, i limistéar na frithsceimhlitheoireachta intíre agus idirnáisiúnta, agus ghlac sé páirt i roinnt oibríochtaí agus imscrúduithe trasteorann. Lean an SDU in 2019 ag tabhairt faoi roinnt oibríochtaí agus imscrúduithe, i gcomhairle le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, chun díriú go gníomhach ar gníomhaíocht mhaoinithe agus é a chur as riocht.

Beartaíocht Speisialta agus Ceannasaíocht Oibríochtaí (STOC)

An tAonad Tacaíochta faoi Airm (an ASU)

Leanann an ASU le tacaíocht ard-infheictheachta faoi arm a sholáthar do chomhghleacaithe éide gan arm ar fud na seirbhíse. D'fhreagair an ASU do 4,390 teagmhas riosca níos airde gan choinne, arb ionann sin agus méadú breis agus 18% i gcomparáid le 2018. Ar an gcuma chéanna, tháinig méadú 18% ar an méid oibríochtaí barántas cuardaigh ardriosca a cuireadh ar siúl inar lorgáíodh agus inar soláthraíodh cúnamh an ASU.

Mhéadaigh an ASU a acmhainn go náisiúnta i rith 2019, agus rinneadh 55 Garda breise a leithdháileadh do dhualgas túsline an ASU. Ar an iomlán, leithdháileadh 181 comhalta nua ar cuireadh oiliúint iomlán orthu d'fhoirne an ASU ó Nollaig 2016. Tugadh cead chun dhá ionad nua a chur le 11 ionad reatha réigiúnacha an ASU.

Chuir an ASU láithreach ard-infheictheachta ar fáil i rith chuairt Uachtaráin Stáit Aontaithe Mheiriceá. Sholáthair an tAonad athdhearbhú do Ghardaí oibríochtúil a raibh patrólú á dhéanamh acu ag imeachtaí móra, ar nós mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig. Chabhraigh an ASU leis an Aonad Práinnfhreagartha, i gcáil neamhcheilte, i roinnt oibríochtaí.

Bhí baint ag aonaid an ASU i mí na Nollag 2019 i dtaobh oibríocht réamhghníomhach an-rathúil a chur i bhfeidhm i gcomhar le cuideachtaí slándála príobháidí a bhí dírithe ar robálacha airgid thirim a laghdú a rinneadh ar sheachadtaí agus bailiúcháin airgid faoi bhealach.




Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - ar lean

An tAonad Idirbheartaíochta Náisiúnta (an NNU)

Dhéileáil an Garda Síochána in 2019 le 98 teagmhas de shaghas géill/baracáide/féinmháraithe (GBF). Bhain breis agus 69% de na teagmhais le hábhair a bhí thíos le saincheisteanna meabhairshláinte, agus bhain 18% díobh le teagmhais choiriúla.

An Chríoch a Cuireadh le Teagmhais



* Tá baint ag an NNU in imscrúduithe nár cuireadh i gcrích in 2019.

Tá laghdú tagtha ar an líon torthaí ar a ndearnadh Idirbheartaíocht, ach is dóchúil go ndearna daoine a chuir i gcuntas a rinne teagmháil le chéad fhreagróirí ag luathchéimeanna teagmhais é seo a sheach-chur.

Leanann Chéad Fhreagróirí le ról ríthábhachtach a ghlacadh sna teagmhais seo, agus ba cheart go gcabhródh leanúint le hoiliúint FGL a chur ar fáil leis an bhfreagairt chuí do theagmhais GBF a chinntiú.

Leanann an NNU ag cabhrú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (an RGET) tríd an tacaíocht, treoir agus comhairle oibríochtaí chuí a sholáthar maidir le saoránaigh Éireannacha atá i mbaol thar lear, agus imlonnaíodh a mbaill thar lear, amanna, sa cháiil sin. Cuireann an NNU oiliúint/cleachtadh bunriachtanach ar fáil do phearsanra an RGET, Ambasadóirí nuacheaptha, agus Cinn Mhisin.

An tAonad Práinnfhreagartha (an ERU)

Is é an ERU an sainaonad tiomnaithe náisiúnta idirghabhála airm thine oirbheartaíochta agus lean sé le saintacaíocht faoi arm/oirbheartaíochta a sholáthar d'oibríochtaí slándála náisiúnta agus tromchoireachta i rith 2019.

Imlonnaíodh an ERU go náisiúnta i roinnt oibríochtaí ardphróifile agus chabhraigh sé le comhghleacaithe sa CAB, an tAonad Náisiúnta Faire (an NSU), an DOCB, agus an SDU.

Bhí baint ag an Aonad i gcaitheamh na bliana in oibríochtaí a dhírigh ar choirpigh a rinne Uathmheaisíní Bainc (UMBanna) a robáil faoin tuath in Éirinn agus rinneadh daoine a bhfuil amhras fúthu a ghabháil agus airgead tirim ar luach €300,000 a goideadh a aisghabháil i ndiaidh robála den saghas sin in Achadh an Iúir i gContae an Chabháin i Lúnasa 2019.

Leantar leis an Aonad a imlonnú chun monatóireacht ghníomhacha dhéanamh ar dhronganna coireachta eagraithe atá ag bruíon lena chéile agus in oibríochtaí faoi stiúir faisnéise in aghaidh eagraíochtaí sceimhlitheoireachta. Sholáthair an tAonad acmhainn idirghabhála freisin ag roinnt teagmhais dhúshlánacha GBF i rith na bliana.

Sholáthair an ERU cosaint dhlúth don iomaí ceann stáit agus uasal ón gcoigríoch a bhí ar cuairt i rith na bliana, Uachtarán na Stát Aontaithe, Donald Trump, san áireamh a thug cuairt ar Éirinn i Meitheamh.

Leanann an ERU ag comhoibriú, ag ullmhú agus ag traenáil lena gcomhghleacaithe i dtaobh na sceimhlitheoireachta agus na coireachta trasteorann a chomhrac. Ghlac an tAonad páirt i roinnt cleachtaí idirnáisiúnta i rith na bliana agus i nDeireadh Fómhair 2019, chuir an ERU cleachtadh rathúil trí lá ar siúl i mBaile Átha Cliath do shainfhoirne idirghabhála ón nGearmáin, an Ungáir, Poblacht na Seice, an Eilvéis agus an Iodáil maidir le gialla a tharrtháil ina raibh baint ag iompar poiblí.

Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - ar lean

An tAonad Oiliúna Beartaíochta Speisialta agus Ceannasaíochta Oibríochtaí (STOC) (an STU)

Oibríonn foireann atá ardcháilithe agus a bhfuil taithí oibríochtúil acu san STU, bunaíodh an AOS i Meán Fómhair 2019 chun tacú le sainriachtanais agus riachtanais oibríochtaí STOC atá ag teacht chun cinn. Tá an STU freagrach as gach saincil a dhearadh, a sholáthar agus a chur i dtaifead a sholáthraítear do phearsanra STOC.

Tugann an STU cabhair rialta freisin do Choláiste an Gharda Síochána maidir leis na cláir chúil oiliúna agus feasachta a sholáthar do bhaill neamhspeisialaithe den Gharda Síochána agus déanann sé idirchaidreamh le seirbhísí póilíneachta agus gníomhaireachtaí seachtracha seirbhíse éigeandála chun oiliúint trasghníomhaireachta a fhorbairt agus a sholáthar, agus chun comhchleachtaí a reachtáil. Faoi rialú an Stiúirthóra Oiliúna, cinntíonn an STU go gcuirtear an oiliúint go léir ar fáil i leith na gcaighdeán eiticíúil agus um chearta daonna is airde.

Idirchaidreamh agus Cosaint

Interpol

Leanann Interpol Bhaile Átha Cliath ag gníomhú mar an bpríomh-mhodh um malartú faisnéise faoi fhorfheidhmiú an dlí idirnáisiúnta leis an nGarda Síochána. Mhéadaigh an Garda Síochána an méid a chuir sé le 18 mbunachar sonraí Interpol agus bhain sé leas as a gcumas i limistéar chosc na coireachta, an bhraite, agus an dúshaothraithe leanaí. Ghlac Interpol Baile Átha Cliath páirt freisin mar chomhpháirtí i roinnt oibríochtaí faoi stiúir Interpol, i limistéir an truaillithe mhuirí, agus i bhfeachtas feasachta san áireamh maidir le húsáid a bhaint as cáipéisí taistil a goideadh agus a cailleadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2019.

Tugadh roinnt pearsanra den Gharda Síochána ar iasacht freisin chuig Ceanncheathrú Interpol in Lyon chun cabhrú le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun an choireacht i sainlimistéir a chomhrac.

Europol

Mar chuid de líonra Europol, thacaigh an Garda Síochána le roinnt Comhlaethanta Gníomhaíochta Eorpacha sna limistéir seo a leanas:

- Cibearionsaithe
- Calaois chártaí íocaíochta
- Gáinneáil ar airm thine
- Airgeadraí fiorga
- Inimirce neamhdhleathach
- Gáinneáil ar dhaoine
- Gáinneáil ar chócaon

Thug an Garda Síochána cuidiú leis na measúnuithe agus na tuarascálacha seo a leanas de chuid Europol: Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe, an Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar an Idirlíon, agus le tuarascálacha ar an gCás Sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas Eorpach. Rinne Éire an t-uasghrádú ar chóras malartaithe faisnéise Europol a stiúradh in 2019 chun creidiúnú 'Rúnda' a bhaint amach, agus chuir seo feabhas breise ar mhalartuithe ar leibhéal Eorpach maidir leis an sceimhlitheoireacht agus slándáil stáit.



Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - ar lean

Biúró SIRENE

Córas mórsála éifeachtúil malartaithe faisnéise é Córas Faisnéise Schengen II (SIS II) a thacaíonn le comhoibriú le forfheidhmiú an dlí ar fud an Aontais Eorpaigh agus ballstáit ghaolmhara.

A luaithe a cheanglaítear é le SIS II, beidh an Garda Síochána in ann teacht ar shonraí fíor-ama agus faisnéis a scaipeadh idir ballstáit SIS i bhfoirm foláireamh. Éascóidh foláirimh slándáil mhéadaithe trí roinnt sonraí agus faisnéise neartaithe, agus trí chomhoibriú le tíortha a ghlacann páirt in SIS. Éascóidh sé freisin faisnéis a aistriú faoi dhaoine agus earraí a bhaineann le tromchoireacht agus sceimhlitheoireacht.

Bunófar Biúró SIRENE nua náisiúnta i gCeanncheathrú an Gharda Síochána, in 2020, a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála aonair ar bhonn 24/7 maidir le heolas forlíontach a mhalarú, agus gníomhaíochtaí a chomhordú a bhaineann le foláirimh SIS.

Cuireadh feabhas ar PULSE chun fiosrú uathoibríoch a dhéanamh ar bhunachar sonraí SIS II nuair a dhéantar é a chuardach. Is féidir foláireamh SIS a chruthú do roinnt catagóirí, daoine a bhfuiltear sa tóir orthu nó atá ar iarraidh agus earraí a goideadh. Beidh na foláirimh seo le feiceáil anois trí PULSE. Neartófar bainistíocht trasteorann freisin trí SIS a thabhairt isteach mar gheall go mbeidh úsáideoirí údaráithe in ann dul i gcomhairle an bhunachair sonraí anois chun foláirimh a fháil ag pointí iontrála agus cláraithe, a bhfuil le hathruithe a rinneadh ar chórais reatha.

Forbraíodh oiliúint don eagraíocht i bhfoirm ríomhfhoghlama, agus cuirfeadh tús leis i Márta 2020. Tá súil leis go mbeidh an ceangal le SIS II déanta i Ráithe 2 2020.

An tAonad Comhordaithe Idirnáisiúnta (an ICU)

Lean an ICU in 2019 le maoirseacht a dhéanamh ar an gCiste Slándála Inmheánaí Náisiúnta (an ISF) laistigh den Gharda Síochána agus díriodh go sonrach ar thionscadail a chuaigh i ngleic le tosaíochtaí póilíneachta agus slándála.

Lean an ICU le rannpháirtíocht an Gharda Síochána i dtionscadail Taighde agus Nuálaíochta an AE faoi chlár Horizon 2020 a chomhordú. Na príomhaidhmeanna a bhaineann leis na dúshláin shochoaíochta faoi "Cumainn Shlána":

- réitigh a fhorbairt maidir leis an bpríomhbhonneagar a chosaint;
- an choireacht agus an sceimhlitheoireacht;
- cibearshlándáil bharrfheabhsaithe.

Éascaíonn an ICU cuairteanna staidéir / cuairteanna a thugann oifigigh ó fhórsaí póilíneachta Eorpacha agus Idirnáisiúnta. Chabhraigh an ICU i rith 2019 le toscairí agus mic léinn ón nGearmáin agus an Pholainn.

Bainistíocht Mór-Éigeandála

Lean an Rannóg Bainistíochta Mór-Éigeandála ag tacú leis na struchtúir Bhainistíochta Mór-Éigeandála Náisiúnta, i gcomhar leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha eile (Údarais Áitiúla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte). Áiríodh leis seo páirt a ghlacadh in oiliúint, cleachtaí, agus imeachtaí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Rinneadh caidreamh ar gach leibhéal a fhorbairt agus a fheabhsú lenár gcomhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Rinneadh comhoibriú le haonáin, ar nós Google agus Facebook, agus glacadh páirt freisin i dtionscadail an AE, ar nós Rocsafe.

Forbraíodh Measúnuithe Riosca in 2019 mar thoradh ar ár rannpháirtíocht sa Ghrúpa Bainistíochta Éigeandála Trasteorann agus i bPrótacail Idirghníomhaireachta idir na gníomhaireachtaí freagartha agus Tuisceart Éireann.

Ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de, rinne an Rannóg Bainistíochta Mór-Éigeandála comhordú ar fhreagairt an Gharda Síochána do roinnt teagmhais drochaimsire agus falsaí, agus chuir sé eolas ar fáil don Rialtas agus don Ghrúpa Náisiúnta Éigeandála Náisiúnta.

Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta - ar lean

Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána (an GSAS)

Thacaigh an GSAS le réimse clár um chosc na coireachta agus le gníomhaíocht oibríochtúil in 2019. Díríodh iad seo ar an méid seo a leanas a bhaint amach: cabhrú le coireanna in aghaidh an duine, coireanna in aghaidh réadmhaoine a laghdú, agus tacú le himscrúdú na tromchoireachta. De bhreis air sin, rinneadh anailís chun tacú le póilíní bóithre, cabhraíodh le gortuithe troma agus básanna a laghdú ar bhóithre na hÉireann.

Lean Aonad Taighde an Gharda Síochána le tacaíocht a sholáthar don eagraíocht trí mheastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh náisiúnta (ar nós Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis (SORAM) agus dea-chleachtas a shainnithint chun eolas a thabhairt d'fhorbairt straitéisí náisiúnta.



SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL



+100 DUINE ÓG
AITHEANTA SNA
GRADAIM NÁISIÚNTA ÓIGE

BREIS AGUS 50
SCÉIM FAIRE CAMPAIS AR BUN

170 GLÉAS LUASBHRAITE
LÉASAIR AN FAIGHTE



105
TIONSCADAL ATHSTIÚRTHA
ÓIGE GHARDA SÍOCHÁNA
CURTHA AR BUN

+500 LEANBH FUD FAD
BHAILE ÁTHA CLIATH
TAR ÉIS PÁIRT A
GHLACADH I SRAITHCHOMÓRTAIS
DHÉANACHA SAN OÍCHE RCBÁC AN
GHARDA SÍOCHÁNA / AN FAI I MBLIANA

STRAITÉIS UM CHEARTA DAONNA
SEOLTA - PLEAN GNÍOMHÁIOCHTA 7 GCÉIM

STRAITÉIS ÉAGSÚLACHTA AGUS IMEASCTHA SEOLTA

“Tá idirghníomhú leis na pobail ar a bhfreastalaímid i gceartlár an mhéid a dhéanann an Garda Síochána, agus leagann sé an bhunchloch faoin obair a dhéanaimid ar bhonn laethúil timpeall na tíre. Tiocfaidh tú sa mhír seo ar eolas breise faoi conas a dhéanaimid teagmháil leis na daoine ar a bhfreastalaímid agus conas a oibrímid dóibh.”

Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht an Phobail (an GCEPSB)

Feachtais um Chosc na Coireachta

Tugadh faoi roinnt feachtais i rith na bliana chun comhairle thábhachtach faoi shábháilteacht phearsanta agus faoi chosc na coireachta a sholáthar maidir le príomhchoireanna.

Cuireadh feachtais ar siúl i rith 2019 maidir le cosc na buirgléireachta; sábháilteacht phoiblí agus laghdú na díobhála; sábháilteacht tuaithe; sábháilteacht ar líne; goid rothar, agus úsáid shábháilte a bhaint as cuadrothair/rothair streachailte.

Cuireadh na feachtais seo chun cinn trí na meáin thraidisiúnta, na meáin shóisialta, Garda.ie, go háitiúil trí bhileoga a scaipeadh agus seastáin taispeántais, agus trínár láithreachtaí ag imeachtaí móra, ar nós an Chomórtais Treabhdóireachta agus Bloom.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

An Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe sa Phobal

Foilsíodh an Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe sa Phobal 2019-2021 i Lúnasa. Tá de chuspóir na straitéise chun teagmhas ionsaithe sa phobal agus an eagla roimh ionsaithe go poiblí agus/nó neamhord poiblí a laghdú a eascraíonn as na teagmhais siúd.

Oibríocht Twin Track

Cuireadh an Tionscnamh Rannpháirtíochta sa Phobal agus um Shábháilteacht Iarnróid, Oibríocht Twin Track, i bhfeidhm go náisiúnta i Meán Fómhair 2019 i gcomhar le hIarnród Éireann agus Transdev (Luas). Mar chuid den tionscnamh, rinneadh patróil ard-infheictheachta ar ocht mbealach Intercity, anuas ar sheirbhísí DART agus LUAS i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC). Cuireadh seastáin um chosc na coireachta in airde in 11 phríomh-mhoil iarnróid go náisiúnta.

Faire Campais

Tá 50 Scéim Faire Campais i bhfeidhm chun cabhair a thabhairt do mhic léinn tríú leibhéal lena sábháilteacht phearsanta. Reáchtáladh ceithre fheachtas théamúla Faire Campais um chosc na coireachta i rith na bliana acadúla 2018/19 - sábháilteacht phearsanta, cibearshábháilteacht, calaois, agus rialú comhéigheach. Cuireadh Seimineár Eolais Faire Campais dhá lá ar siúl le haghaidh Theagmhálacha Faire Campais, Oifigigh Idirchaidrimh don Óige um Chosc na Coireachta agus Oifigigh Idirchaidrimh don Óige i Meitheamh. Bhí an seimineár in ainm is Gardaí Faire Campais a éascú chun tuiscint agus freagairt go cuí chun gur féidir leo tabhairt faoin ról phóilíneachta go héifeachtach ar bhealach a chuireann idirghníomhú chun cinn leis na comhlachtaí mac léinn agus le forais an champais.

Na Gradaim Náisiúnta Óige

Aithníodh i gcéad searmanas Gradaim Gradaim Náisiúnta Óige an Gharda Síochána a cuireadh ar siúl riamh breis agus 100 duine óg ó áiteanna fud fad na tíre a rinne áiteanna níos fearr le cónaí iontu dá bpobail. Roghnaíodh buaiteoir na nGradam Náisiúnta ó bhuaiteoirí Ghradaim Óige Rannáin an Gharda Síochána.



An Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (an EUCPN)

Sheol an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (an EUCPN) an chéad lá fócais ar fud an AE ar bhuirgléireacht intíre an 19 Meitheamh.

Mar bhall den AE, lorg an Garda Síochána anuas ar ghníomhaireachtaí forfheidhmithe an dlí sa Bheilg; an Bhulgáir; Poblacht na Seice; an Eastóin; an Laitvia; an Liotuáin; Lucsamburg; Málta; an Ísiltír; an Pholainn, agus an Rómáin chun an líon buirgléireachtaí a tharla ina dtíortha a laghdú trí ghníomhaireachtaí feasachta poiblí ar an lá gníomhaíochta seo.

An Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe

Seoladh an Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe i Meán Fómhair 2019 ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Bunaíodh é i ndiaidh gur thit comhairliúchán le páirtithe leasmhara amach an Garda Síochána agus príomh-chomhpháirtithe, ar nós Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann (FAÉ) agus Mhuintir na Tíre, chun ardán a sholáthar le haghaidh cur chuige comhoibritheach comhpháirtíochta i dtaobh tacú le seirbhís phóilíneachta pobail tuaithe a sholáthar.

An Fhreagairt Chomhghníomhaireachta don Choireacht (J-ARC)

Cuireadh Seimineár Aitheantais J-ARC ar bun i bhFeabhra ar mhaithe le Cásbhainisteoirí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda Síochána a ghlacann páirt laistigh de naoi dtionscnamh an J-ARC; ACER 3 ar Shráid Chaoimhín; Tamhlacht; Dún Dealgan; Luimneach; Port Láirge; Luimneach; Strive - Baile Munna; Bridge: Change Works; J-ARC Óige Bhaile Bhlainséir, agus Corcaigh. Cuireadh an seimineár seo ar siúl chun suntas a thabhairt do Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse a bronnadh le déanaí ar J-ARC laistigh den chatagóir Sármhaitheas ó Scothfhoirne, Scileanna agus Forbartha Eagraíochta.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

An Fóram Straitéiseach Miondíola

D'éascaigh an tAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta um Chosc na Coireachta 15ú cruinniú náisiúnta an Fhóraithe Straitéisigh Mhiondíola. Ba é an dara cruinniú ardleibhéal a tionóladh in 2019 chun eolas faoi chosc na coireachta a mhalartú idir an Garda Síochána agus an pobal gnó.

Oifig Mhionatóireachta Chomhchoistí Póilíneachta Náisiúnta (CCPanna) an Gharda Síochána

Lean Oifig Mhionatóireachta Chomhchoistí Póilíneachta Náisiúnta an Gharda Síochána le fóram tábhachtach a sholáthar a thacaíonn le cosc na coireachta agus a chinntíonn go leanann an eagraíocht ag dul i mbun forbartha agus athrú mar fhreagairt do riachtanais an phobail ar leibhéal áitiúil.

Thug an oifig faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara in 2019 agus rinne sé monatóireacht ar rannpháirtíocht an Gharda Síochána i gComhchoistí Póilíneachta trí anailís a dhéanamh ar thorthaí.

D'fhreastail Coimisinéir an Gharda Síochána i rith 2019 ar shé CCP (Gaillimh, Tiobraid Árann, Maigh Eo, Corcaigh, an Mhí agus Luimneach) chun cur i láthair a dhéanamh ar Shamhail Oibriúcháin na heagraíochta agus chun ceisteanna a chuir baill den CCP maidir le saincheisteanna atá ina n-ábhar áitiúil buartha a fhreagairt.

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Chuir an GCEPSB cuairt oifigiúil ar bun a thug toscairí ó Choláiste Ollscoile Póilíní na hIorua mar chuid dá obair thaighde idirnáisiúnta ar chur chuige na póilíneachta pobail in Éirinn.

Ag Tacú le Tionscnaimh Áitiúla

Thacaigh an GCEPSB le roinnt tionscnaimh thuaithe i rith 2019, scéim Ghardaí Idirchaidrimh Tuaithe Roinn Gharda Síochána Chill Mhantáin a dhírigh ar shaincheisteanna lenar bhain tábhacht maidir leis an bpobal feirmeoireachta.

D'fhreastail Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána (an GNCPU) ar Ghradaim na bhFoláireamh Pobail agus Téacs Chill Chainnigh / Cheatharlach inar taispeánadh roinnt táirgí slándála don lucht freastail i Samhain. D'fhreastail an GNCPU i Samhain ar chur i láthair a cuireadh ar bun don Roinn Tithíochta agus Rialtais Áitiúil a chomhordaigh Aoisbhá Éireann um Chosc ar an gCoireacht trí Dhearadh na Timpeallachta.

An Chomhdháil Náisiúnta do Shlán Sábháilte in Éirinn

Chuir Rannán Mhaigh Eo den Gharda Síochána Comhdháil do Shlán Sábháilte in Éirinn ar siúl, a thit amach ag an tráth céanna a thit an Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan amach. Seoladh straitéis nua Slán Sábháilte in Éirinn i rith an imeachta agus rinneadh suíomh píolótach de Chontae Mhaigh Eo chun athrú fíor agus tomhaiste a dhéanamh maidir leis an bhforéigean agus an mhí-úsáid i mbailte agus i bpobail a chosc agus freagairt go héifeachtach dóibh.

Comhpháirtíocht le An Post

Sheol Rannán Chill Chainnigh/Cheatharlach, i gcomhar le An Post, sraith tionscnamh um chosc na coireachta chun barr feabhais a chur ar bhraistint na sábháilteachta ar fud pobail áitiúla i Meán Fómhair. Áiríodh leis seo scéim nua na bhFoláireamh Téacs, teachtaireacht um chosc na coireachta a thabhairt do gach teach sa Rannán, agus seastáin um chosc na coireachta in oifigí an phoist ar fud an dá chontae.

Tionscnamh an Bhráisle

Seoladh Tionscnamh Bráisle Gnó Thrá Lí i mBealtaine. Roinneadh Baile Thrá Lí ina sheacht limistéar agus sannadh beirt Ghardaí do gach limistéar mar chuid den tionscnamh. Tá ar na Gardaí ansin patrólú a dhéanamh ar a limistéir féin agus idirchaidreamh a dhéanamh le gach úinéir gnólachta agus comhairle ar chosc na coireachta a chur ar fáil nó díreach cuairt a thabhairt orthu ar mhaithe le comhrá a dhéanamh leo. Tabharfaidh an Garda sannta cuairt freisin ar íospartach na gadaíochta miondíola laistigh de sheacht lá i ndiaidh na gadaíochta agus chun plé a dhéanamh ar an méid a tharla. Thug an tionscnamh an deis do gach fear/bhean g(h)nó chun aithne a chur ar a nGarda áitiúil. Tá sé tugtha faoi deara go ndíspreagann an phóilíneacht mhéadaithe seo atá i ngach ceann de na ceantair ciontóirí féideartha.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Cluiche Ceannais Shraithchomórtas Déanach san Oíche an Gharda Síochána/an FAI 2019

Thit cluiche ceannais Shraithchomórtas Déanach san Oíche RCBÁC, lenar thacaigh Aonad Náisiúnta Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána, amach i mBaile Átha Cliath. Ghlac fiche a ceathair foireann páirt sa chluiche ceannais agus bhí ceithre fhoireann bhuaiteacha i gcatagóirí an tSraithchomórtais Seaimpíní (daoine níos óige ná 16 bliana d'aois) agus Shraithchomórtas Europa (daoine níos sine ná 16 bliana d'aois). Tá na Sraithchomórtais in ainm is daoine óga atá i mbaol a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí bríocha, a laghdaíonn, ar an gcaoi sin, iompar frithshóisialta ina bhfuil baint ag daoine óga i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Titeann na Sraithchomórtais amach Oíche Dé hAoine agus Dé Sathairn i rith na n-uaireanta ina dtiteann an t-iompar frithshóisialta is mó amach.

Stáisiún Gardaí Share a Dream

D'oscail Coimisinéir an Gharda Síochána an chéad stáisiún Gardaí leanaí riamh in Éirinn go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2019 ag Dreamland, ionad súgartha uilechuimsitheach do leanaí ar gach cumas, atá á réachtáil ag Fondúireacht Share A Dream. Tá fíorchillín; éidí, gluaisrothar; gluaisistéan leictreach an Gharda Síochána, agus trealamh speisialta, ar nós earraí cuimhneacháin ó mhúsaem Choláiste an Gharda Síochána sa stáisiún Gardaí den chéad scoth. Bhronn an Coimisinéir gradam speisialta fiúntais ar bhunaitheoir Share A Dream, Shay Kinsella, a chabhraigh le bríonglóidí na mílte de leanaí a bhfuil breoiteacht foirceanta orthu agus atá leochaileach a fhíorú. Bronnadh boinn agus teastais mhíshnigh ar earcaithe beaga nuachomisiúnaíthe.

Ceartha Daonna, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

An Straitéis um Chearta Daonna

Sheol an Garda Síochána a Straitéis um Chearta Daonna 2020-2022 i mí na Nollag 2019. Tugann an straitéis seo réimse beart isteach lena chinntiú go bhfuil seirbhís póilíneachta agus slándála á soláthar aige atá dírithe ar chearta daonna. Cuirtear plean gníomhaíochta seacht gcéim ar fáil sa Straitéis um Chearta Daonna 2020-2022 ina gcuirtear san áireamh moltaí an Choimisiúin um Thodhchaí Póilíneachta in Éirinn, Misean agus Straitéis an Gharda Síochána 2019-2021, agus téitear i ngleic freisin lena oibleagáidí faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Is iad na seacht bplean gníomhaíochta a dtugtar cuntas orthu sa Straitéis um Chearta Daonna 2020-2022:

- Oiliúint a chur ar phearsanra nua agus reatha an Gharda Síochána.
- Aithint ceart daonna a leabú isteach in obair laethúil phearsanra an Gharda Síochána agus a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar Orduithe Oibríochtúla, ar nós Fórsa (Airm Thine) a Úsáid, Feithiclí an Gharda Síochána a Úsáid i dTóraíocht, Beartas Íospartaigh na Coireachta, Gabháil agus Coinneáil, agus Ord Poiblí, go léir i gcomhthéacs na straitéise nua seo.
- A chinntiú go gcoimeádann an Garda Síochána chun tosaigh ar fhorbairtí i limistéar na bhforbairtí um chearta daonna
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ceart daonna
- Dul i ngleic le moltaí seachtracha
- Measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise, agus
- Straitéis a chuirfeadh in ionad na straitéise seo a fhorbairt.

Thug an Garda Síochána roinnt beart isteach i rith 2019 sa limistéar seo faoi Sheirbhís Phóilíneachta don Todhchaí, an méid seo a leanas ina measc:

- An Rannóg um Chearta Daonna an Gharda Síochána a bhunú;
- Comhairleoir sinsearach dlí a fhostú nuair a bhí an Straitéis um Chearta Daonna á forbairt;
- Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna an Gharda Síochána (SHRAC) a athbhunú;
- Comhairleoir Dlí um Chearta Daonna an Gharda Síochána a cheapadh chun comhairle a chur ar cheannasaithe oibríochtúla;
- Príomhcháipéisí beartais a fhoilsiú, Creat um Chearta Daonna, Uirlis Scagtha um Chearta Daonna agus Cáipéisí Treorach Oibríochtúil chun cabhrú le Pearsanra an Gharda Síochána san áireamh;
- Ceartha daonna - anuas ar an gCód Eitice - a shuíomh i gcroílár Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána.



Sábháilteacht Phobail - ar lean

An Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna (an SHRAC)

Cuireadh faisnéis ar fáil don SHRAC faoin Straitéis um Chearta Daonna agus beidh ról ríthábhachtach acu maidir le maíseacht a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm.

Thit cruinniú tosaigh an SHRAC amach i Márta agus chas siad ina dhiaidh sin ar bhonn ráithiúil ceithre huairé, ar an iomlán, in 2019.

Déanann an Coimisinéir cathaoirleacht ar an SHRAC agus freastalaíonn ionadaithe inmheánacha agus seachtracha air, ar nós an Ionaid um Chearta Daonna na hÉireann; an Speisialtóir um Chearta Daonna Ruth Fitzgerald; an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais; Cigireacht an Gharda Síochána; Comhairle Shinsearach agus Cathaoirleach Chomhairle Bharra na hÉireann; an Díl-Chumann; an tIonad Éigeandála um Éigniú; an tÚdarás Náisiúnta Míchumais; Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí; Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas; agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. D'fhreastail an tÚdarás Póilíneachta ar roinnt cruinnithe an SHRAC i gcáil breathnóireachta.

Éagsúlacht agus Imeachadh

Seoladh na Straitéise Éagsúlachta agus Imeachtha 2019

Léirítear i Straitéis Éagsúlachta agus Imeachtha 2019-2021 tiomantas tréan an Gharda Síochána d'idirchaidreamh réamhghníomhach agus le meas a dhéanamh le gach duine sa tsochaí, iad siúd ina measc ó ghrúpaí mionlaigh agus ó chúraí éagsúla.

Léireofar inár n-idirchaidreamh ár gcaighdeáin agus ár ngealltanais eitiúla faoi mar a chuimsítear iad sa Chód Eitice don Gharda Síochána Cuirfidh sé lenár misean chun Daoine a Choimeád Sábháilte agus chun ár n-oibleagáidí dearfacha faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chur chun cinn.


Tugtar sainmhíniú oibre sa Straitéis ar an gcoireacht fuatha, a aithníonn comhdhéanamh éagsúil ár bpobal faoi láthair agus an comhdhéanamh sin atá ag teacht chun cinn.

I gcaitheamh thrí bliana na Straitéise, cuirfear meicníochtaí feabhsaithe tuairiscithe, taifeadta, imscrúdaithe agus ionchúisimh i bhfeidhm maidir le coireacht fuatha, agus tabharfar taifead PULSE isteach le haghaidh teagmhas nach mbaineann le coireacht fuatha.

Déanfar an méid seo a leanas mar chuid den straitéis:

- Bunófar Fóram Éagsúlachta Náisiúnta an Gharda Síochána le hionadaithe pobal agus páirtithe leasmhara chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm ar bhonn ráithiúil.
- Tabharfar clár oiliúna isteach do phearsanra an Gharda Síochána chun a n-inniúlacht agus a scileanna a fhorbairt chun idirchaidreamh éifeachtach agus dearfach a dhéanamh le daoine ó chúraí éagsúla.
- Cuirfear uasoiúint ar an líonra Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh agus bronnfar sainchúram níos fairsinge orthu chun sochaí athraitheach na hÉireann a chur san áireamh trí Oifigigh Éagsúlachta a dhéanamh díobh.

Thug Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phobail (an GCEPSB) tacaíocht dearaidh foilsithe don Gharda Síochána nuair a bhí a Straitéis Éagsúlachta agus Imeachtha á seoladh trí phóstaeir ghairmiúla agus leagan amach dheardh na Straitéise a fhorbairt.



Sábháilteacht Phobail - ar lean

An Chomhdháil Oiliúna ar Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána

Thit an Chomhdháil Oiliúna ar Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána amach san Iarmhí chun barr feabhais a chur ar an tseirbhís phóilíneachta a sholáthraíonn an Garda Síochána do phobail áitiúla.

Comhpháirtíocht a Fhorbairt

Lean an Garda Síochána a bheith tiomanta i rith 2019 chun idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha ar bhealach réamhghníomhach agus ionchuimsitheach chun iontaoibh a fhorbairt agus chun riachtanais phóilíneachta na bpobal uile éagsúil, mionlaigh agus 'ar deacair iad a aimsiú' a shainaithint, faoi mar a thugtar chun solais sa Straitéis.

- Cur i láthair a rinne Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh (an GNDIU) agus an GCEPSB d'Fhóram Pobail Eitneach Mionlaigh an NEIC (tascfhórsa rialtais a reáchtáil Roinn an Taoisigh).
- Rinne an GCEPSB cur i láthair "Ag Freagairt don Tuarascáil ar Chiníochas" a bhí á sheoladh ag an Lónra Eorpach i gcoinne an Chiníochais (ENAR).
- Rinneadh cur i láthair do Shiompóisiam Síochána Bliantúil Phobal Moslamach Ahmadach maidir le Coireacht Fuatha.
- Freastalaíodh ar chlár 'Cumarsáid Aoisbhá' Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Rinne an GCEPSB roinnt cur i láthair ar Phóilíneacht Phobail agus Éagsúlacht, mar chuid de Sheachtain um Ionchuimsiú Fhine Gall agus Imeacht Pobail Chultúrtha an Chabháin.
- Chuir an GNCPU cur i láthair ar siúl maidir leis an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht ar líne maidir leis an gceardlann óige a chuir Gaelic Voices for Change ar siúl i Samhain.

Cás-Staidéar 1 - Pobail Mhionlaigh Eitneacha

Chas an GNDIU le bord bainistíochta Pavee Point agus an Grúpa Tacaíocht Romach ag Ionad Lucht Siúil Pavee Point chun plé a dhéanamh ar phóilíneacht fhrith-idirdhealaitheach agus chun caidreamh dearfach a fhorbairt trí thionscnaimh phóilíneachta pobail. Chabhraigh an GNDIU freisin le hInstitiúid Kennedy chun idirchaidreamh cuiditheach agus dearfach a eagrú, "Lá Idirphlé an Lucht Siúil agus an Gharda Síochána" ag Ollscoil Mhá Nuad. Rinne an tAonad cur i láthair do Lónra Imeasctha Laoise ar sheirbhís phóilíneachta phobalbhunaithe a sholáthar trí chomhpháirtíocht a dhéanamh le pobail mhionlaigh chun coireacht fuatha a chosc agus a bhrath in Éirinn.

Imeachtaí Éagsúlachta agus Pobail

Léirigh an Garda Síochána a thiomantas d'éagsúlacht agus d'ionchuimsiú i rith 2019 trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla.

Ina measc seo bhí an GCEPSB/an GNDIU ag oibriú le grúpaí agus pobail mhionlaigh éagsúla chun caidreamh láidir a fhorbairt agus a chothú, ar nós freastal ar/páirt a ghlacadh in:

- Féile Lae Vaisakhi i ndiaidh thug Pobal Suíceach na hÉireann cuireadh;
- 18ú Jalsa Salana Bliantúil Éireann a chuir Pobal Moslamach Ahmaddiyya na hÉireann ar siúl.
- Féile MEASC bhliantúil Fhóram Idirchreidimh Chathair Bhaile Átha Cliath inar cuireadh seastán eolais in airde a chuir comhairle ar chosc na coireachta ar fáil agus a rinne idirchaidreamh leis an bpobal.
- Rinne imeacht Pobal na Banglaidéise a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus chas siad le hArd-Choimisinéir na Banglaidéise le Londain, Éire agus an Libéir, a Soilse, an tUasal Saida Muna Tasneem.
- Imeachtaí Coireacht Fuatha Cineáil a chuir an PSNI ar siúl i mBéal Feirste.

Cás-Staidéar 2 - Bród 2019

In 2017, ghlac an Garda Síochána páirt san Fhéile Mhórtais den chéad uair in 2019. Mhárseáil Gardaí i Mórshiúil Mórtais Bhaile Átha Cliath agus éide iomlán á chaitheamh acu agus d'oibrigh siad i bpobal pobail ag an Sráidbhaile Mórtais. Cuireadh dearadh an tuair cheatha, a bhaineann leis an bpobal LADTA+, ar ghluasteáin nua an Gharda Síochána.

Mhárseáil comhaltaí an Gharda Síochána i Mórshiúil Mórtais 2019 i mBéal Feirste i ndiaidh gur thug Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) agus a Lónra LADT cuireadh dóibh.

D'fhreastail na Gardaí freisin ar Chorn an Aontais 2019, an comórtas rugbaí LADT agus ionchuimsitheach is mó san Eoraip, a cuireadh ar siúl in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Tionscnamh Píolótach Sheirbhís Ateangaireachta Cianda na hÉireann (IRIS)

Rinne an Garda Síochána comhpháirtíocht in 2019 leis an Ionad um Staidéar ar Bhodhaire, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Seirbhís Ateangaireachta Teanga Comharthaíochta (SATC) chun tionscnamh píolótach a fhorbairt chun tacú le baill den phobal Bodhar a fhreastalaíonn ar stáisiúin Ghardaí na Cabraí agus Thrá Lí.

Cuireadh tús leis an tionscnamh commenced i Márta 2019 agus cuireadh ar bun é trí ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh ceamara gréasáin ina dhá stáisiún píolótacha Gardaí, a cheadaíonn nasc físe chun teacht ar ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann trí IRIS.

Comóradh 60 Bliain ó Thosaigh Mná ag Oibríú sa Gharda Síochána

Rinne an Garda Síochána ceiliúradh in Iúil ar 60 bliain ó thosaigh mná ag oibríú sa Gharda Síochána. Rinne an t-imeacht ceiliúradh ní hamháin ar na 12 bhean a ndearnadh na chéad earcaithe mná díobh a thosaigh ag oibríú san eagraíocht i 1959, ach freisin ar an rannchuidiú a thug mná don Gharda Síochána agus don tsochaí ó shin i leith.

Dúirt an Coimisinéir Harris, agus é ag labhairt ag an imeacht chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcomóradh 60 bliain, cé go bhfuil níos mó póilíní mná sa Gharda Síochána ná mar atá i bhfórsaí póilíneachta eile san Eoraip, ar an meán, bhí ní ba mhó le déanamh sa limistéar seo agus níos forleithne lena chinntiú go léirítear sa Gharda Síochána an tsochaí ar a bhfreastalaíonn sé. D'fhógair an Coimisinéir Harris ina leith seo go mbunófar líonra ban sa Gharda Síochána mar fhóram do mhná chun foghlaim agus tacú lena chéile ina ngairmeacha beatha. Cuireadh obair chun Líonra na mBan a bhunú go mór chun cinn faoi dheireadh 2019.



Biúró Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána

Bunaíodh Biúró Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána (an GYDB) agus ceapadh Ard-Cheannfort ar aon dul leis na moltaí sa Tuarascáil Scrúdaithe Athstíúrtha Óige 2019. Tá an GYDB freagrach as an gClár Athstíúrtha a chomhordú agus a fhorbairt go náisiúnta agus cuireann sé ról maoirseachta ar gach gné d'atreuithe óige agus den Chlár.

Feasacht agus Tuiscint ar an gClár Athstíúrtha a chur chun cinn

Rinne an GYDB cáipéis treoirlíne a fhorbairt agus a scaipeadh do gach comhalta den Gharda Síochána ina raibh gnéithe éagsúla an Chláir Athstíúrtha agus na ról éagsúla is gá do gach Garda a chomhlíonadh lena chinntiú go soláthraítear an Clár go héifeachtach.

Chun tacú leis na cáipéisí treoirlíne seo, seoladh modúl oiliúna ríomhfhoghlama ar an gClár Athstíúrtha agus chruthaigh sé cuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na nGardaí go léir. Anuas air sin, thionóil an GYDB cruinnithe faisnéise i Réigiúin an Gharda Síochána, inar labhraíodh le comhaltaí ar na céimeanna seo a leanas: Coimisinéir Cúnta, Ard-Cheannfort agus Ceannfort maidir le rialachas agus cuntasacht i dtaobh an Clár Athstíúrtha a riar ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

I ndiaidh teagmháil a dhéanamh le Coláiste an Gharda Síochána, chinntigh an GYDB go gcuirtear modúl a bhaineann leis an gClár Athstíúrtha ar siúl i ngach rang Gardaí faoi Oiliúint Chéim 3 agus ar gach cúrsa Sáirsint faoi Oiliúint a chuireann foireann an GYDB ar bun. Baintear seo amach trí léacht a sholáthraíonn an GYDB a shaincheaptar d'oibleagáidí, ról agus freagrachtaí na rannpháirtithe maidir leis an gClár Athstíúrtha.

Leanann an Biúró ag oibríú go dlúth leis an Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, eagraíochtaí óige agus páirtithe leasmhara eile chun dea-chleachtas a shainathint, a roinnt agus a chur chun cinn.

An Tuarascáil Scrúdaithe Athstíúrtha Óige 2019

I ndiaidh moladh a rinneadh sa Tuarascáil Scrúdaithe Athstíúrtha Óige 2019, bunaíodh Rannóg Monatóireachta san GYDB chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn atreuithe a mheastar nach bhfuil oiriúnach don Chlár.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Is iad feidhmeanna na Rannóige:

- tuarascálacha a chur le chéile ó PULSE agus na tuarascálacha seo a scaipeadh ar gach Réigiún an Gharda Síochána ar bhonn míosúil chun béim a leagan ar an líon atreoruithe a mheastar atá mí-oiriúnach;
- tá tuarascáil le cur faoi bhráid gach Réigiúin ar bhonn ráithiúil ina leagtar béim ar iomlán na n-atreoruithe a mheastar atá mí-oiriúnach sa ráithe dheireanach, líon na dteagmhas is gá a thabhairt chun cinn go fóill, agus treochtaí an Réigiúin, anuas ar an meánfhad ama ó thug Stiúrthóir an Chláir treoir;
- meabhrúcháin a eisiúint ar bhonn míosúil do gach Rannán ina n-iarrtar ar chomhaid agus tuarascálacha nár seoladh ar aghaidh go fóill a chur faoi bhráid an GYDB, anuas ar stádas na bhfoláireamh nár eisíodh go fóill atá le riar ag Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (OIÓanna).

Soláthar Acmhainní an GYDB

Lean leibhéil theoranta soláthair foirne de Ghardaí buana le dúshlán a chur roimh an GYDB i rith 2019, ach chuathas i ngleic leis seo sa ráithe dheiridh nuair a faomhadh comórtas earcaíochta go foirmiúil agus tá agallaimh le cur a siúl in Eanáir 2020 agus tá seacht bpost bhuana Garda, ar a laghad, le líonadh faoi Mhárta 2020.

Tionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána

Tugann na tionscadail seo tacaíocht mhór don Chlár Athstíúrtha agus bhí 105 tionscadal ann i measc Rannáin an Gharda Síochána. Príomhghné iad i dtaobh tacú leis an nGarda Síochána chun daoine óga a athstíúradh amach ó chiontú breise a dhéanamh trí idirghabháil agus tacaíocht chúí atá bunaithe ar thaighde.

Agus an fiúntas á aithint a bhaineann leis an Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (an OIÓ) agus Oibríthe um Cheartas i leith an Aosa Óig (OCAÓ) de bheith ag oibriú lena chéile laistigh de chomhthéacs Tionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána, forbraíodh sraith treoirilínite in 2018 maidir le comhpháirtíochtaí éifeachtacha oibre, ar a dtugtar “Níos Láidre le Chéile” (“Together Stronger”) in 2018.

Chruthaigh Foireann um Fhorbairt Dea-Chleachtas Tionscadail Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána comhcheardlanna do OCAÁanna agus OIÓanna a lean leis an gcomhpháirtíochtwho “Níos Láidre le Chéile” a chothú in 2019.

Póilíníú Bóithre

Aonaid um Póilíníú Bóithre

Ceapadh 46 Garda i rith 2019 le Póilíníú Bóithre ar fud na tíre, a chuir leis na hAonaid um Póilíníú Bóithre reatha. Ag deireadh 2019, b'ionann an líon pearsanra a bhí ag oibriú san Aonad um Póilíníú Bóithre agus 737. Tá ceapacháin bhreise nua ar na bacáin in 2020 agus 2021.

Príomhghné d'obair an Aonaid nua um Póilíníú Bóithre is ea úsáid an ghréasáin bhóithre a dhiúltú do choirpigh. Anuas ar dhíríú ar chionta tarrthála - ag tiomáint ar luas, criosanna sábhála, gutháin phóca agus tiomáint faoi thionchar, tá díriú trom ar chosc agus brath na coireachta.

Oibríonn Aonaid um Póilíníú Bóithre go dlúth le haonaid choireachta chun díriú ar choirpigh a bhfuiltear eolach orthu agus chun cur isteach ar a ngníomhaíochtaí tríd an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre a chur i bhfeidhm go dian.

Díríú ar Phríomhchionta Tarrthála

B'ionann líon na ndaoine a maraíodh ar na bóithre in 2019 agus an líon a cuireadh i gcuntas, nach mór, in 2018; maraíodh 142 duine go tubaisteach mar thoradh ar Imbhuaidh um Thrácht ar Bhóithre, i gcomparáid le 140 in 2018. Caithfeadh níos mó a dhéanamh chun an líon uasta 124 bás ar an mbóthar sa bhliain, a luaitear sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 an Rialtais a bhaint amach. Má mharaítear duine amháin ar an mbóthar, bás iomarcach amháin atá ann.

Chun dul i ngleic leis na príomhthosca is mó a chuireann le himbhuailtí is cúis le gortuithe marfacha agus troma, dhírigh an Garda Síochána ar roinnt príomhchionta tarrthála a fhorfheidhmiú:

- tiomáint ar luas;
- Tiomáint faoi Thionchar an Óil (TTÓ), mar gheall ar alcól nó deochanna meisciúla eile;
- criosanna sábhála a úsáid - criosanna tosaigh agus cúil; agus
- gutháin phóca a úsáid nuair a bhíonn duine ag tiomáint.


Tacaíodh le díriú an Gharda Síochána ar na príomhchionta tarrthála seo trí úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíocht, an pearsanra Ceantair go léir a fhosú agus Aonaid um Póilíníú Bóithre Roinne a imlonnú.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Déanfaidh seo úsáid an ghréasáin bhóithre a dhiúltú do choirpigh, agus cuirfidh sé clár sábháilteachta feabhsaithe ar fáil - i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus páirtithe leasmhara seachtracha eile.

	2018	2019	Athrú
Básanna	140	142	+2
Imbhualtí marfacha	133	131	-2

Treocht na nImbhualtí Marfacha in 2019



MR3M = Meán Rollach 3 Mhí, MR12M = Meán Rollach 12 Mhí.

Is iad seo a leanas na básanna de réir shaghas an úsáideora bóithre:

Úsáideoirí Bóithre a Maraíodh	2018	2019
Tiománaí	54	74
Paisinéir	20	16
Coisí	42	27
Rothaí	9	8
Gluaisrothaí	15	17
Iomlán	140	142

Bainistiú Mórimeachtaí

Bunaíodh Oifig Bainistithe Mórimeachtaí laistigh de Phóilíníú Bóithre agus Bainistiú Mórimeachtaí i rith 2019. Tá an beartas, na nósanna imeachta agus na cáipéisí treorach á bhforbairt ag an oifig faoi láthair chun imeachtaí a bhainistiú ar a ndéanann an Garda Síochána póilíníú. Cuirfidh na cáipéisí beartais agus nósanna imeachta comhsheasmhacht an chuir chuige ar fáil ar bhonn náisiúnta nuair a bhíonn imeachtaí á bpleanáil. Tacóidh na cáipéisí treorach leis an mbeartas agus na nósanna imeachta trí theimpléid a sholáthar dóibh siúd a thugann tú imeachtaí a phleanáil agus a phóilíníú.

Tionscadal Soghluaisteachta Gníomhaí

Lean Póilíníú Bóithre i rith 2019 ag oibriú leis an bhFoireann Soghluaisteachta Gníomhaí chun gléas sonraí móibíleach a fhorbairt chun cabhrú le Gardaí Póilínithe Bóithre agus túsline chun tabhairt faoina ndualgais. Cuireadh tús leis an glár píolótach in 2018, agus leanadh ar aghaidh leis in 2019 agus é mar aidhm go mbeadh gléas móibíleach ag gach comhalta Póilínithe Bóithre faoi dheireadh na chéad ráithe in 2020.

Gléasanna Luasbhraite Léasair

Chríochnaigh an Garda Síochána próiseas tairisceana i gcaitheamh 2019 maidir le gléasanna luasbhraite nua a cheannach. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, ceannaíodh 170 gléas nua in 2019 chun cur leis na stoic reatha, agus tá gléasanna breise le ceannach in 2020, agus ina dhiaidh sin. Príomhghné amháin den phróiseas tairisceana ba ea a chinntiú go bhfuiltear in ann na gléasanna nua a ceannaíodh a chomhcheangal leis na gléasanna soghluaisteachta, agus tá súil leis go dtabharfar an fheidhm seo isteach i rith 2020.

Príomhchionta Tarrthála

B'iomáí oibríocht forfheidhmithe ar tugadh fúthu i gcaitheamh 2019, agus é mar aidhm acu iompar úsáideoirí bóithre a athrú agus tiománaithe earráideacha a bhrath. Bhí an líon teagmhais tiomána ar meisce beagán ní b'airde ná figiúirí 2018, agus tháinig méadú freisin ar an líon teagmhas ina raibh drugaí.

	2018	2019	Athrú	% d'Athrú
Teagmhais tiomána faoi thionchar an óil	7,766	8,140	+374	5%
Seicphointí TÉM	65,159	63,878	-1,281	-2%
Tiomáint ar	136,122	136,797	+675	0%
Criosanna Sábháil	11,637	11,305	-332	-3%
Gutháin Phóca	31,174	28,952	-2,222	-7%
Feithiclí a Coinníodh (Alt 41 den ATB)	30,473	30,189	-284	-1%

Tá na figiúirí a sholáthraítear sealadach, oibríochtúil agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu. Is féidir teagmhais a athrangú i rith na bliana de réir mar a thugtar ceisteanna chun críche os comhair Chúirt an Chríonéara. Tá na figiúirí i gceart amháil an 01/04/2020.

Sábháilteacht Phobail - ar lean

Feithiclí a urghabhadh faoi Alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994

Bronntar in Alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, arna leasú, an chumhacht ar chomhaltáí an Gharda Síochána chun feithiclí a urghabháil a bhfuil cionta áirithe um thrácht ar bhóithre á ndéanamh acu. Cuireadh leis na cumhachtaí seo i mí na Nollag 2018 chun feithiclí a chur san áireamh a bhí a dtiomáint ag tiománaithe faoi oiliúint nach raibh á dtionlacan ag tiománaí láncháilithe. Ar an iomlán, rinne an Garda Síochána 30,189 feithicil a urghabháil i rith 2019. As an líon seo, urghabhadh 2,468 feithicil ó tiománaithe faoi oiliúint.

Samplaí d'Oibríochtaí um Shábháilteacht ar Bhóithre

- Cuireadh dhá lá náisiúnta Moillithe ar siúl, inar thacaigh feachtas sna meáin le gníomhaíochtaí ard-infheictheachta forfheidhmithe luais ar bhóithre náisiúnta, príomhbhóithre agus bóithre den dara grád chun gach tiománaí a spreagadh chun a luas a mhoilliú. Tugadh nuashonruithe rialta do na meáin i gcaitheamh an lae a thug comhlíonadh agus brath, anuas ar agallaimh chun solais. Foilsíodh achoimre leantach freisin.
- Thit Tionscadal EDWARD (An Lá Eorpach gan Bás ar an mBóthar) de chuid TISPOL amach an 26 Meán Fómhair 2019. B'imeacht mór Uile-Eorpach é seo, a chuir an Garda Síochána, i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar siúl.
- Rinneadh poibliú fairsing ar fheachtas um thiomáint ar meisce na Nollag agus na hAthbhliana i measc na n-ardán meán go léir, agus rinneadh cumhdach forleathan breise maidir le tiomáint ar luas. Cuireadh nuashonruithe agus teachtaireachtaí sna meáin ar fáil go rialta ar fud an fheachtais iomláin. Cé go raibh tromlach mór na dtiománaithe comhlíontach agus sábháilte agus iad ag tiomáint, gabhadh breis agus 1,000 tiománaí mar gheall go rabhthas in amhras go raibh siad ag tiomáint ar meisce.
- Thit Oibríocht Enable amach i Nollaig 2019. Bhí sé ceaptha díriú ar úsáid neamhúdaráithe a bhaint as ceadanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas agus as bána páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, lena chur ar chumas sealbhóirí dlísteanaigh na háiseanna a úsáid atá siad i dteideal a úsáid. Tionscnamh ilghníomhaireachta i Oibríocht Enable idir an Garda Síochána, Cumann Tiománaithe faoi Mhíchumas na hÉireann (DDAI), Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA), agus na húdaráis áitiúla faoi seach.

Gníomhaíocht um Fheasacht Phoiblí

- Anuas ar oibríochtaí traidisiúnta forfheidhmithe, thit go leor idirghabháil agus tionscnaimh oideachais amach ar fud na tíre, chun feasacht a mhúscaill ar shábháilteacht ar bhóithre an uile úsáideora bóithre. Díródh, ach go háirithe, ar an bhfeasacht ar úsáideoirí bóithre leochaileacha, ar nós coisithe, rothaithe agus gluaisrothaithe, a mhúscaill.
- D'fhreastail an tAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre ar roinnt imeachtaí tábhachtacha i gcaitheamh 2019, Taispeántas na nEolaithe Óga san áireamh, chun oideachas a chur ar úsáideoirí bóithre amach anseo agus idirchaidreamh a dhéanamh leo. Thapaigh siad an deis ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chun an pobal feirmeoireachta a chur ar an eolas faoi riachtanais cheadúnas tiomána maidir le húsáid talmhaíochta. Taispeánadh cumas aipeanna an Gharda Síochána do chuariteoirí freisin maidir leis an reachtaíocht bóithre a fhorfheidhmiú.
- Gné de gach clár é an mhír 'Traffic Watch' ar an gclár Crimecall, a mheallann lucht féachana mór, agus úsáideadh an mhír i rith na bliana chun béim a leagan ar shábháilteacht ar bhóithre maidir le gluaisrothaíocht; tiomáint ar an mótarbhealach; úsáideoirí bóithre leochaileacha, agus infheictheacht. Cuireadh agallaimh sa stiúideo ar bun maidir le tiomáint faoi thionchar an óil, adhairsir, criosanna sábhála ag tiomáint ar luas.

Feachtais

Thug an Garda Síochána faoi na feachtais seo a leanas i rith 2019 i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre:

- Deireadh Seachtaine Fhéile Pádraig - Tiomáint faoi Thionchar an Óil
- Deireadh Seachtaine na Cásca - Tiomáint faoi Thionchar an Óil agus Drugaí
- Saoire Bhainc na Bealtaine - Sábháilteacht Ghluaisrothair
- Saoire Bhainc an Mheithimh - Sábháilteacht Choisithe
- Saoire Bhainc Lúnasa - Tuirse
- Saoire Bhainc Dheireadh Fómhair - Úsáideoirí Bóithre Leochaileacha
- An Nollaig - Ag Tiomáint faoi Thionchar

Rinneadh comhchumarsáid freisin maidir le hábhair, ar nós sábháilteacht ghluaisrothair, sábháilteacht leanaí, agus rothair streachailte.

SEIRBHÍSÍ TRASEAGRAÍOCHTA

**+1 MILLIÚN
DUINE**DE LUCHT LEANÚNA SNA
MEÁIN SHÓISIALTA**+15,746**PEARSANRA ARNA
FHREASTAL AR
CHEARDLANNA AN
CHÓID EITICE**4,113**COMHAD CÁS
LÁITHREACHA COIREANNA**923**LÁTHAIR CHOIREANNA
ARNA SAINAITHINT**344** GARDAÍ ATHSHANNTA
DO DHUALGAIS
PHÓILÍNEACHTA TÚSLÍNE**14,307** COMHALTA**2,944.9** BALL FOIRNE
AN GHARDA
SÍOCHÁNA**458** GARDA CÚLTACA**418** AIGHNEACHT FAIGHTE
LEIS AN TIONSCNAMH
'DO SMAOINTE'**330,120**DUINE DE MHEÁNLUCHT
FÉACHANA IN AGHAIDH GACH
CLÁIR CRIMECALL

“Tugtar Gardaí faoina n-obair laethúil timpeall na tíre i gcomhar le, agus le cúnamh ó, líon mór seirbhísí tacaíochta. Sonraítear sa mhír seo obair na n-aonad seo, idir obair na hOifige um Chlaochlú Straitéiseach a chuireann an clár athraithe chun cinn, agus obair Choláiste an Gharda Síochána a chuireann oiliúint ar earcaithe nua.”

Athchóiriú an Cheartais

Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn i Meán Fómhair 2018. Cuirtear treoirphlean ar fáil sa tuarascáil don Gharda Síochána agus páirtithe leasmhara eile ar conas feabhas a chur ar sholáthar na póilíneachta in Éirinn. Ina dhiaidh seo, thosaigh bainistíocht an Gharda Síochána le measúnú a dhéanamh ar conas is fearr moltaí an Choimisiúin a bhaint amach agus d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an pleain um chur i bhfeidhm, Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí (APSFF), bunaithe ar thuarascáil an Choimisiúin i Nollaig 2018. Cuirfidh APSFF na huirlisí agus an tacaíocht cheart ar fáil don Gharda Síochána a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar ár misean chun Daoine a Choimeád Sábháilte. Bainfidh sé amach an méid seo a leanas i measc na bpobal ar a bhfreastalaímid:

- Beidh níos mó Gardaí ar an túslíne agus beidh infheictheacht mhéadaithe ann;
- Beidh seirbhís phóilíneachta níos freagrúla ann atá curtha in oiriúint do riachtanais áitiúla;
- Beidh teicneolaíocht nua-aimseartha ag Gardaí chun an choireacht a chosc agus a chomhrac;
- Glacfar le cur chuige atá bunaithe ar chearta daonna i leith póilíneachta.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

 **Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí I measc na bpríomhéachtaí in 2019, bhí an méid seo a leanas:**

<p></p> <p>Soghluaisteacht</p> <p><i>Cuireadh tús le Soghluaisteacht GNÍOMHACH (ACTIVE Mobility) a thabhairt isteach agus soláthraíodh gléasanna do Sheaimpíní Tacaíochta Soghluaisteachta agus do Chomhaltaí Garda i Roinn Chill Dara agus RCBÁC Thiar</i></p>	<p></p> <p>An tSamhail Oibriúcháin</p> <p><i>Seoladh an tSamhail Oibriúcháin nua agus sainaitníodh láithreacha Chéim 1: Gaillimh, Luimneach, Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Lár, an Iarmhí/an Mhí</i></p>
<p></p> <p>Nuachóiriú an Lucht Saothair</p> <p><i>Rinneadh 344 comhalta an Gharda Síochána a athshannadh do dhualgais phóilíneachta túslíne</i></p>	<p></p> <p>Éide</p> <p><i>Tugadh sonraíocht éide nua an Gharda Síochána chun críche agus cuireadh tús leis an soláthar</i></p>
<p></p> <p>Straitéis Sláinte agus Folláine</p> <p><i>Críochnaíodh Suirbhé Measúnaithe ar Riachtanais Sláinte agus tá forbairt straitéise ar bun</i></p>	<p></p> <p>CBI</p> <p><i>Cuireadh Córas Bainistíochta Imscrúdaithe i bhfearas i Ranna Thiobraid Árann, Chill Chainnigh/Cheatharlach agus Loch Garman</i></p>
<p></p> <p>DPSU</p> <p><i>Bunaíodh Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne in 11 Roinn sa bhreis</i></p>	<p></p> <p>Do Smaointe</p> <p><i>Cuireadh an tionscnamh Do Smaointe - Nuálaíocht sa Gharda Síochána ar siúl agus rinneadh ‘gairm ar smaointe’, dhá haiceatón agus imeacht sárthaispeántais ar siúl</i></p>

A POLICING SERVICE FOR THE FUTURE

 Leadership & Accountability
  People
  Structures & Operations
  Independent Oversight
  Partnerships

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

An tSamhail Oibriúcháin

Tionscnamh suntasach um athrú straitéiseach atá sa tSamhail Oibriúcháin nua atá á reáchtáil ag an nGarda Síochána faoi APSFF.

Déanfaidh an tsamhail an Garda Síochána a nuachóiriú agus a athchóiriú ar leibhéil Náisiúnta, Réigiúnacha agus Roinne go ceann dhá nó trí bliana.

Tá an tSamhail Oibriúcháin in ainm is rialachas corparáideach, feidhmíocht agus struchtúir chuntasachta a neartú, agus éifeachtúlachtaí níos fearr i bhfeidhmeanna riaracháin agus tacaíochta cúloifige a chruthú.

Tá mar chuspóir ag athstruchtúir Réigiúin agus Ranna an Gharda Síochána chun seirbhís phóilíneachta níos infheicthe agus níos freagrúla a sholáthar chun freastal ar riachtanais phobail nua-aimseartha agus éagsúil. Aistríodh an Garda Síochána ó shé go ceithre Réigiún amháil Dheireadh Fómhair 2019. Aistreofar Ranna, i gcaitheamh sceideal céimnithe um chur i bhfeidhm, ó 28 go 19 Roinn mhéadaithe, a chuirfidh acmhainní breise agus níos mó sainseirbhísí ar fáil. Seoladh Céim 1 i Nollaig 2019.

Biúró Cultúir agus Eitice an Gharda Síochána

Bunaíodh Biúró Cultúir agus Eitice an Gharda Síochána (an GECEB) i dtosach chun tús a chur leis an gclár a chur i bhfeidhm chun prionsabail an Chóid Eitice a leabú sa Garda Síochána. Tá freagracht ar an GECEB as cuspóirí straitéiseacha an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm go leanúnach chun an Cód Eitice agus iompar eiticíúil san eagraíocht a leabú.

Bhí pearsanra de bhreis ar 15,746 duine i ndiaidh freastal ar Cheardlann um Fheasacht ar an gCód Eitice amháil Nollaig 2019. Astu siúd, tá an dearbhú sínithe ag pearsanra 14,486 duine a dheimhniú go bhfuil siad tiomanta don Chód Eitice.

Seoladh físeán an Chóid Eitice in Aibreán 2019. Tá roinnt phearsanra an Gharda Síochána san fhíseán, ó limistéir ar fud na heagraíochta, a nochtann a ndearchtaí ar thábhacht agus feidhmiú naoi gcaighdeán an Chóid Eitice i bhfeidhmiú a ról agus a bhfreagrachtaí.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

I ndiaidh thorthaí an Iníúchta ar Chultúr an Gharda Síochána 2017, leithdháileadh an GECB mar an t-ionad don chlár athchóirithe chultúrtha don Gharda Síochána, atá freagrach as an gclár a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Sainathnóidh dhá thionscnamh déag do Thogra Rannphairtíochta Cultúir Foirne i gcomhréir le Seirbhísí Phóilíneachta don Todhchaí (APSF).

Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm go hiomlán in 2019, an méid seo a leanas ina measc:

- An tionscnamh 'Do Smaointe', a seoladh in Iúil 2019, inar iarradh ar an bpearsanra go léir chun a smaointe a thabhairt faoi conas feabhas a chur ar an nGarda Síochána, agus ar phóilíneacht túslíne, ach go háirithe. Rinne pearsanra an Gharda Síochána ar gach céim agus grád ar fud na tíre 418 aighneacht, ar an iomlán. Roghnaíodh trí smaoineamh déag chun leanúint ar aghaidh chun go mbainfeadh trial as a gcur i bhfeidhm, agus tá fiosrú breise le déanamh ar dhá cheann eile.
- Bunaíodh an bosca poist 'Nocht do Thuairim' i mí na Nollag 2019 lena cheadú don phearsanra a dtuairimí a nochtadh ar shaincheisteanna, nó chun aiseolas a thabhairt ar fhorbairtí nó ar thograí nua. Ceadáíonn an tionscnamh chun aighneachtaí gan ainm a dhéanamh.

Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta

D'fhreastail ionadaithe an Gharda Síochána i rith 2019 ar 14 chruinniú Choiste an Údaráis Phóilíneachta chun nuashonruithe a sholáthar maidir le dul chun cinn i limistéir é, an méid seo a leanas ina measc:

- an Cód Eitice a leabú;
- an Plean Póilíneachta 2019;
- an plean Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí a chur i bhfeidhm;
- Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm;
- Clár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána;
- Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána.

Rinne Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta idirchaidreamh idir an dá eagraíocht i rith an phróisis chomhairliúcháin maidir le Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2019-2021 agus Prionsabail Phóilíneachta an Gharda Síochána.

D'fhreastail an Coimisinéir agus an cheannaireacht shinsearach ar 11 chruinniú den Údarás Phóilíneachta agus tionóladh cúig cinn díobh siúd go poiblí.

Rinne Oifig Idirchaidrimh an Údaráis Phóilíneachta comhordú ar bhreis agus 100 cruinniú a tionóladh agus cuairt bhreise a thug an Údarás Phóilíneachta ar shainrannóga éagsúla agus ar Stáisiúin Ghardaí go náisiúnta. Phróiseáil an Oifig thart ar 140 iarraidh ón Údarás Phóilíneachta ar fhaisnéis agus tuarascálacha i rith na bliana.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

An tAonad Bainistíochta Riosca

Faoi dheireadh 2019, chuir Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána oiliúint ar bhreis agus 2,250 pearsanra an Gharda Síochána ar gach céim agus grád faoi dheireadh 2019. Cuireadh cruinnithe faisnéise agus oiliúint ar fáil do 536 pearsanra an Gharda Síochána i rith 2019.

Tá ar gach Roinn, Rannóg, Réigiúin agus Stiúrthóireacht a gclár rioscaí a sheoladh ar aghaidh ar bhonn ráithiúil chun go ndéanfar anailís, tiomsú agus athbhreithniú cáilíochta orthu. B'ard i gcónaí do na rátaí comhlíonta i measc Ranna agus Réigiúin i rith 2018 agus 2019. B'ionann comhlíonadh i rith Ráithí 1, 2 agus 3 2019 agus 93.6%.

Nóta: Ní raibh fáil ar rátaí comhlíonta Ráithe 4 ag tráth an fhoilsithe.

Forbairtí Tábhachtacha

Chríochnaigh Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána iniúchadh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána in Iúil 2019. Luadh sa 'Tuairim Iniúchta':

"Is féidir le Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (an GIAS) dearbhú réasúnta a sholáthar maidir le leordhóthanacht, feidhm agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis 'an Cur Chuige Leasaithe i leith Bainistíocht Riosca'. Cruthaíonn seo riosca idir íseal agus measartha."



An tAonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána (an GPSU)

Thug an GPSU faoi rannpháirteachas forleathan le páirtithe leasmhara i rith 2019 chun na limistéir a bhfuil scrúdú le déanamh orthu a dheimhniú. Foilsíodh tuairiscí téamacha cuimsitheacha i ndiaidh taighde forleathan a dhéanamh, cuairteanna ar an láthair san áireamh, maidir le seacht scrúdú ar cuireadh tús leo in 2019:

- PULSE / Cáilíocht Imscrúduithe Coiriúla
- Láithreoirí Cúirte
- Ceadúnú Feithiclí Seirbhíse Poiblí (FSP)
- Príosúnaigh a Thíolacadh agus a lompar
- Monatóireacht a dhéanamh ar Chiontóirí Gnéis
- Cáipéis Aighneachta Greco
- Na Meáin Shóisialta i gcomhréir le Beartas Eagraíochta.

Bhronn Feabhas Éireann (an EIQA) Marc Q ar an GPSU i Márta 2019 i ngeall ar Chaighdeán a Chórais Bhainistíochta Cáilíochta i ndiaidh gur tugadh faoi mheasúnú seachtrach air, agus d'ainmnigh Feabhas Éireann an GPSU ina dhiaidh sin ag Dámhachtainí Náisiúnta Mharc Q 2019 sa chatagóir 'Sa Tóir ar Shámhaitheas'.

Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (an GIAS)

I rith 2019:

- Glacadh le cur chuige i leith ceannaireacht straitéiseach a chinntíonn go bhfuil scóip iomlán shainchúram na hiniúcháireachta á comhlíonadh agus go bhfuil tús áite á thabhairt do rioscaí straitéiseacha.
- Thug an Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí faisnéis don Choimisinéir, Feidhmeannacht an Gharda Síochána agus an Foireann Cheannaireachta an Gharda Síochána i gcaitheamh na bliana.
- Dhírigh iniúchtaí an GIAS ar obair straitéiseach iniúcháireachta ar na príomhrudaí a chuireann feidhmíocht chun cinn a dhéanann difear do sheirbhísí póilíneachta a sholáthar don phobal.
- Baineadh comhoibriú ní ba dhlúithe agus comhobair iniúcháireachta amach leis an Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána, agus rinneadh comhaontú ar chomhphlean dearbhaithe don dá aonad don bhliain 2020.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Gnóthaí Inmheánacha

Disciplín agus Gearáin

Osclaíodh 1,632 comhad, ar an iomlán, i rith 2019 ag Gnóthaí Inmheánacha chun déileáil le disciplín agus gearáin. Cuireadh fiche a ceathair fionraí nua i bhfeidhm i rith 2019, ar cuireadh 48 Garda, ar an iomlán, ar fionraí ag deireadh na Nollag 2019 dá bharr.

Anuas air sin, fuarthas agus bainistíodh 715 iarraidh, ar an iomlán, ar eolas/cháipéisíocht ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) i rith 2019 san Oifig Gearáin.

Osclaíodh 149 comhad nua cúitimh, ar an iomlán, maidir le Gardaí a gortaíodh go mailíseach fad a bhí siad ar dualgas. Dúnadh deich gcás, agus bronnadh cúiteamh ar luach iomlán €3,668,446 ar 81 cás san Ard-Chúirt.

Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla

Rinne an Garda Síochána agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) comh-idirchaidreamh lena chéile i dtaobh an Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla a thabhairt isteach d'fhonn réiteach tráthúil a bhaint amach ar ghearáin a dhéantar ar leibhéal na seirbhíse. Ba é an príomhchuspóir chun a chinntiú go bhfuil freagairt mhear agus chomhréireach do ghearáin faoi cheisteanna a mheastar atá ina saincheisteanna ar leibhéal seirbhíse.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar scéim phiolótach Roinn RCBÁC Theas-Lár, críochnaíodh tabhairt isteach náisiúnta an tionscnamh, ar bhonn céimnithe, faoi Lúnasa 2019.

Rinne sonraí a fuarthas ó GSOC maidir le hidirghabháil áitiúil in 2019 an méid seo a leanas:

- Rinne GSOC 237 cás a atreorú chuig Cigirí Garda ainmnithe le haghaidh idirghabháil áitiúil.
- Réitíodh/dúnadh 119 cás i ndiaidh an phróisis idirghabhála áitiúla.
- Atreoraíodh 58 cás ar ais go dtí GSOC go ndéanfaí cinneadh fúthu maidir le hinghlachtacht an ghearáin.
- Bhí 60 cás leis na Cigirí Garda ainmnithe lena réiteach.

Airgeadas

Chuir an staid airgeadais fhoriomlán ag deireadh Nollaig 2019 glanchaiteachas iomlán €1,669 milliún i gcuntas, €3 milliún níos lú ná an Buiséad Bliantúil leasaithe €1,672 milliún, lenar áiríodh meastachán forlíontach €18 milliún.

	Buiséad Tosaigh €m	Meastachán Forlíontach €m	Leasaithe Buiséad €m	Athraitheas Toradh €m	Sealadach Leasaithe €m
Pá móide Ragobair	1,149	13	1,162	1,162	0
Aoisliúntas	346	0	346	343	-3
Caiteachas Reatha Neamhphá	172	29	201	204	3
Caiteachas Caipitiúil	92	-9	83	81	-2
Olliomlán	1,759	33	1,792	1,790	-2
Lúide Leithreasú i gCabhair	-105	-15	-120	-121	-1
Glaníomlán	1,654	18	1,672	1,669	-3

Fágfar Caipiteal larchurtha amach ó fhigiúirí an bhuiséid agus na dtorthaí.

Bainistíocht Fuinnimh



€26.9m

coigilteas carnach costas fuinnimh ó 2009



31.4%

laghdú tagtha ar an bpríomhídiú fuinnimh iomlán 86,595 MWh ó 2009

I rith 2019:

- Bhí an Garda Síochána chun tosaigh ar a sprioc dá sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 33% don Earnáil Phoiblí in 2020 (i ndiaidh feabhsú 30% a bhaint amach ar fheidhmíocht ó shonraí bonnlíne 2009 go 2019).
- Bhain Roinn Iompair an Gharda Síochána triail as teicneolaíocht Feithicle Leictre in dhá láthair an Gharda Síochána.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Soláthar

In 2019:

- D'fhoilsigh an Garda Síochána 21 tairiscint, (9 gcinn in Irisleabhair AE agus 12 Ríomhthairiscint).
- Bronnadh 22 conradh (9 gcinn in Irisleabhair AE agus 13 Ríomhthairiscint).
- Bronnadh 30 conradh i ndiaidh iomaíocht bheag ó Chreat-Chomhaontuithe ón OSR.
- Críochnaíodh 3 Ghníomhachtú Conartha an OSR ó Chreataí Soláthraí Aonair an OSR.
- Cuireadh 7 gconradh, a roinneadh ina míreanna tíreolaíoch, i bhfeidhm le tacaíocht ó FSS (d'fhoilsigh FSS iad).

Bainistíocht Eastáit

Ionad Oibríochtaí Slándála agus Coireachta an Garda Síochána - an Bóthar Míleata, Baile Átha Cliath

Cuireadh Ionad nua Oibríochtaí Slándála agus Coireachta an Gharda Síochána a fhorbairt, atá lonnaithe ar an mBóthar Míleata, Baile Átha Cliath chun cinn in 2019. Is é an tionscadal seo an fhorbairt is mó a tógadh le sainchuspóir faoinar thug an Garda Síochána agus lonnófar roinnt sainbhiúrónna ann. Beidh an tionscadal ar an láthair in 01 2020, agus tá súil leis go gcríochnófar é in 03 2022.

Clár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí an Gharda Síochána

Thosaigh an Garda Síochána le hathbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais chun stáisiún Ghardaí nua a thógáil i ndiaidh gur seoladh an tSamhail Oibríocháin nua i Meán Fómhair 2019.

An Gealltanais i gClár an Rialtais chun sé Stáisiún Gardaí a Athoscailt ar bhonn Píolótach

Rinne an clár chun sé Stáisiún Gardaí a athoscailt ar bhonn píolótach dul chun cinn mór in 2019. Athosclaíodh stáisiún Gardaí Dhún Ard i gCill Mhantáin i Nollaig 2018, agus críochnaíodh obair mhór uasghrádaithe ar stáisiún Ghardaí Bhéal Átha an Spidéil, an Rois agus na Céime in 2019. Tá na stáisiúin á gcríochnú agus tá súil leis go n-osclófar iad in 01 2020.

Tá súil leis go n-athosclófar stáisiún Ghardaí an Bhábhúin Bhuí agus Leithghlinn an Droichid sa dara leath den bhliain 2020.

Tionscadail Stáisiún Gardaí

Críochnaíodh saoráid nua Stáisiún Gardaí agus Inimisce ag in Aibreán 2019, ag Teach Transaer in Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Críochnaíodh stáisiún Gardaí nua ag Gleann Maghair, Contae Chorcaí i Meán Fómhair 2019.

Tá athfhorbairt iomlán Stáisiún Gardaí Bhaile Átha Luain ar bun agus táthar ag tabhairt faoi i dtrí chéim. Críochnaíodh céim a haon i Meitheamh 2019, agus tá céimeanna a dó agus a trí le críochnú in 2020.

Rinneadh athchóiriú mór ar Stáisiún Gardaí Shráid Mhic Giobúin i mBaile Átha Cliath, ar cuireadh tús leis in 2018, a thabhairt chun cinn go mór i rith 2019. Tá súil leis go gcríochnófar é in 2020.

Cuireadh tús le hathchóiriú mór agus le síneadh a thógáil ag Stáisiún Gardaí Dhún na nGall in 2019. Tá súil leis go gcríochnófar iad in 03 2020.

Cuireadh tús le huasghrádú iomlán ar shaoráidí Aonad Uisce an Gharda Síochána ag Carraig an Chaisleáin, Contae na hIarmhí, in 2019. Tá súil leis go gcríochnófar é in 03 2020.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean


Bainistíocht Flít

Cheannaigh an Garda Síochána 495 feithicil i rith 2019, leithdháileadh 342 feithicil, agus díchoimisiúnaíodh 313 feithicil mar gheall gur bhain siad deireadh ré amach nó gur mhó a chosnódh sé iad a dheisiú ná an luach a bheadh orthu.

Sonraí faoin bhFlít in 2019

	Gluaisteáin	Veaineanna	Gluaisrothair	Feithicilí	Eile	Iomlán
Leithdháiltí Feithicilí in 2019	281	42	0	11	8	342
Feithicilí a Díchoimisiúnaíodh in 2019	255	32	13	9	4	313
Flít an Gharda Síochána an 31/12/2019	2044	500	116	81	53	2794

Méid an Fhlít 2012/2019: Láidreacht an Fhlít 2012-2019 **+15.6%**



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Leibhéal Soláthair Foirne an 31 Nollaig 2019

Amhail an 31 Nollaig 2019

Comhaltaí	14,307
Foireann an Gharda Síochána	2,944.9 (coibhéis am oibre)
Cúltaca	458

Earcaíocht Fhoireann an Gharda Síochána in 2019

I rith 2019, lean obair ar aghaidh ar Fhoireann an Gharda Síochána a earcú chun an sprioc a bhaint amach do sholáthar foirne sa Gharda Síochána faoi mar a leagtar amach i gcinneadh an Rialtais a rinneadh in Iúil 2016.

Díríodh go mór ar fhoireann an Gharda Síochána a shannadh isteach in oifigí lena cabhrú le Gardaí a chur ar fáil chun tabhairt faoi dhualgais oibríochtúla túslíne. Thug an Fhoireann um Nuachóiriú an Lucht Saothair daonáireamh chun críche in 2019 inar aithníodh roinnt post ar measadh gur cheart nuachóiriú a dhéanamh orthu agus d'fhill breis agus 344 Garda ar dhualgais oibríochtúla dá bharr.

Foireann an Gharda Síochána a earcaíodh de réir gráid in 2019

Post	Líon a Earcaíodh
PO	512
OF	195
OR	5
AOF	12
PC	10
PO	4
Stiúrthóir Feidhmiúcháin*	1
Eile	7
Oifigeach Seirbhíse	2
Olliomlán	748

* Ceapadh Príomhoifigeach Faisnéise (faoi mar thugtar le fios faoi theideal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin) a dhéanann an moladh faoi mar a dtugtar cuntas air i dtuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaj na Póilíneachta a fhorfheidhmiú.

Rannóg Asláithreacht Bhreiteachta na nGardaí agus Fhoireann an Gharda Síochána

Saoire Bhreiteachta - Gardaí

Bliain	NEART CLA, ar an meán, i rith na bliana	Meánlíon Laethanta Caillte an Garda Mar gheall ar Ghnáth- Bhreiteacht agus Gortú ar Dualgas	% Athraithe Bliain ar Bhliain Mheánlae- thanta Caillte an Garda	Laethanta caillte mar gheall Ghnáth- Bhreiteacht	% Athraithe Bliain ar Bhliain Ghnáth- Bhreiteacht	Líon caillte mar gheall Ghortú ar Dualgas	% Athraithe Bliain ar Bhliain Ghortú ar Dualgas	Iomlán laethanta days curtha i gcuntas	% Athraithe Iomlán Bliain ar Bhliain ar an líon iomlán laethanta curtha i gcuntas
2013	13,243	17.91	6.54%	198,975	2%	38,249	15%	237,224	4%
2014	12,927	13.62	-23.95%	139,937	-30%	36,145	-6%	176,082	-26%
2015	12,805	12.32	-9.5%	112,999.5	-19%	44,864.5	24%	157,864	-10%
2016	12,855	12.76	-3.6%	113,865.5	0.8%	50,215	12%	164,080.5	4%
2017	13,281.5	13.3	4.2%	122,242	7.4%	54,317.5	8.2%	176,559.5	7.6%
2018	13,843.5	14.7	10.5%	139,895.5	14.4%	62,996.5	15.97%	202,892	14.9%
2019	14,236.25	14.6	-0.7%	145,365	3.9	61,942	-1.68%	207,307	2.2%

Is é Líon Iomlán na Laethanta Breiteachta a cuireadh i gcuntas ar an CBAS an líon laethanta féilire a bhíonn an fhoireann as láthair agus is féidir deirí seachtaine agus laethanta scíthe a áireamh leo.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2013 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAS agus a tuairiscíodh an 03.02.2014.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2014 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAS agus a tuairiscíodh an 04.02.2015.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2015 faoi mar a cuireadh i dtaifead

ar an CBAS agus a tuairiscíodh an 03.02.2016.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2016 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAS agus a tuairiscíodh an 01.02.2017.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2017 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAS agus a tuairiscíodh an 06.02.2018.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2018 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAS agus a tuairiscíodh an 05.02.2019.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2019 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAS agus a tuairiscíodh an 05.02.2020.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Saoire Bhreiteachta - Comhaltaí Garda

Bliain	Meán-CLA Fhoireann an Gharda i rith na bliana	Meánlíon na Laethanta Cailte an Garda Mar gheall ar Bhreiteacht	% Athrú Meánlíon Laethanta Cailte an Garda Bliain ar Bhlain Fhoireann	Líon iomlán laethanta curtha i gcuntas*	% Athraithe Bliain ar Bhlain
2013	2039.77	12.35	N/A	25,193	N/A
2014	2042.36	12.11	-1.94%	24,741	-1.8%
2015	2090.4	12.09	-0.17	25,267	2.1%
2016	2071.66	12.41	2.64%	25,716	1.8%
2017	2193.72	11.88	-4.27%	26,054	1.3%
2018	2361.64	11.83	-0.4. %	27,941	7.2%
2019	2797	11	-7%	30,760.42	10.1%

* Taispeántar i Líon Iomlán na Laethanta a cuireadh i gcuntas ar PeopleSoft (CBAD) an líon iarbhir laethanta oibre a cailleadh. Tá na figiúirí a thaispeántar d'Fhoireann an Gharda Síochána, gan glantóirí agus freastalaithe seirbhíse a áireamh. Ní chuirtear deiri seachtaine agus coigeartuithe d'fhostaithe ar phatrúin roinnte oibre san áireamh.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2013 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAD agus a tuairiscíodh an 03.02.2014.
Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2014 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAD agus a tuairiscíodh an 04.02.2015.
Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2015 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAD agus a tuairiscíodh an 03.02.2016.

Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2016 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAD agus a tuairiscíodh an 01.02.2017.
Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2017 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAD agus a tuairiscíodh an 06.02.2018.
Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2018 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAD agus a tuairiscíodh an 05.02.2019.
Staitisticí Saoire Bhreiteachta don bhliain 2019 faoi mar a cuireadh i dtaifead ar an CBAD agus a tuairiscíodh an 05.02.2020.


Comórtais

Miondealú ar chomórtais an Gharda Síochána in 2019:

Náisiúnta	18
Ardú Céime	3
Thar Lear	7
Roinne	111
Réigiúnach	6
Ceantair	5

Gardaí ar tugadh ardú céime dóibh de réir céime in 2019

Ardú Céime go dtí Ard-Cheannfort	9
Ardú Céime go dtí Ceannfort	28
Ardú Céime go dtí Cigire	125
Ardú Céime go dtí Sáirsint	169
Iomlán	331



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe an Gharda Síochána

Foireann Bhreise

Cónascadh Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe an Gharda Síochána agus an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe Sibhialtacha isteach in aon seirbhís amháin chun cabhrú agus tacú le comhaltaí agus foireann, teaglaigh agus pearsanra ar scor an Gharda Síochána. Ceapadh beirt Oifigigh Chuidithe Fostaithe (OCFanna) bhreise leis an rannóg, a mhéadaigh an líon foirne aníos go dtí 17 gcomhalta. Sannadh gach OCF do limistéar sannta agus beidh baint acu i gclár réamhghníomhach sláinte agus folláine ar fud na heagraíochta.

Inspire - Líne Chabhrach agus Seirbhís Chomhairleoireachta 24/7

D'úsáid 458 pearsanra, ar an iomlán, an tseirbhís chomhairleoireachta in 2019 ónar eascair 2,494 seisiún comhairleoireachta aghaidh ar aghaidh/ar an nguthán.

An Líonra Piarthacaíochta

Is ionann an líon iomlán tacadóirí piaraí ar cuireadh oiliúint orthu sa Gharda Síochána agus 912. Tá oiliúint curtha ar 774 Garda agus 138 Comhalta Foirne an Gharda Síochána ar fud na tíre.

Cúrsa Oiliúna Tacadóir Piaráí

Cuireadh an Cúrsa Oiliúna trí lá Tacadóir Piaráí ar fáil do sheasca a cúig comhalta den Gharda Síochána. Is í an oiliúint seo an chéad líne de thacaíocht a chuirtear ar fáil do phearsanra i ndiaidh eachtraí trámacha.

Faisnéisiú agus Idirghabháil Féinchúraim Bainistíochta ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla (BSTC)

Idirghabháil leasa is ea BSTC a úsáidtear i ndiaidh teagmhais trámach. Eagraíodh agus soláthraíodh fiche a dó idirghabháil grúpa ar fud na tíre i ndiaidh teagmhais chriticiúla, ar nós féinmhárú, imbhuailtí marfacha um thrácht ar bhóthar, agus dúnmharú.

Cur i láthair ar an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe

Mar chuid den obair réamhghníomhach faoinar tugadh leis an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe, cuireadh 180 cur i láthair ar bun do ghrúpaí éagsúla pearsanra.

Aonad Tacaíochta Chúltaca Náisiúnta an Gharda Síochána

Lean Aonad Tacaíochta Chúltaca Náisiúnta an Gharda Síochána le ról tábhachtach a ghlacadh i dtaobh tacú le póilíneacht phobail. Ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, thug Cúltaca an Gharda Síochána scileanna agus peirspictíochtaí nua, anuas ar éagsúlacht, isteach san eagraíocht. Thug an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn chun solais go mbraitheann Cúltaca an Gharda Síochána atá fíor-éifeachtach ar thiomantas i measc Chúltaca an Gharda Síochána agus go léirítear fíorluach ar chomhaltaí den Chúltaca ar fud na heagraíochta. Dheimhnigh an Coimisiún, mar gheall ar easpa struchtúir, oiliúna, agus róil agus freagrachtaí soiléire, nár bhain clár Chúltaca an Gharda Síochána a lánchumas amach.

Athbhreithniú ar Chúltaca an Gharda Síochána

I ndiaidh gur foilsíodh tuarascáil an Choimisiúin, thug an Garda Síochána faoi athbhreithniú ar Chúltaca an Gharda Síochána in 2019. Chuir athbhreithniú litríochta agus próiseas comhairliúcháin eolas ar fáil don athbhreithniú.

Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána 2019-2023

I ndiaidh gur críochnaíodh an t-athbhreithniú, rinneadh Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána 2019-2023 a dhreachtú faoi dheireadh 2019 agus foilseofar í in 2020.

Oiliúint a chur ar Chúltaca an Gharda Síochána

Roghnaíodh 100 Earcaí Chúltaca an Gharda Síochána in 2019 chun tús a chur le hoiliúint i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór. Ba é seo an chéad uair a rinneadh earcaithe Chúltaca an Gharda Síochána a iontógáil ó 2014. Bhí grúpa éagsúil ó chúlraí agus ó próifíilí aoise éagsúla i gceist leis an iontógáil. Ghlac an iontógáil seo páirt i gclár oiliúna a cuireadh ar siúl i bhformáid leasaithe, ina raibh cúig chéim agus cuimsíodh tréimhse oiliúna seachtaine ann.

Teastais Seirbhíse 10 mBliana

I ndiaidh do chomhalta den Chúltaca seirbhís dheonach deich mbliana a bhaint amach, bronntar Teastas Ómóis atá sínithe ag Coimisinéir an Gharda Síochána ar Garda Cúltaca. Shínigh Coimisinéir an Gharda Síochána aon chéad agus a hocht déag 'Teastais Ómóis Seirbhíse 10 mBliana' agus tugadh iad go gach réigiún lena mbronnadh in 2019.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Oifig Thar Lear

Misean Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe sa Chipir

Tá páirt á glacadh ag an nGarda Síochána i bhFórsa Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe sa Chipir (UNFICYP) ó 1993. Is é ról na gcoimeádaithe síochána iarracht a dhéanamh coimhlint a chomhrac dlí agus ord a athbhunú cearta sibhialta a chinntiú; agus sainordú an Mhisin a chur i bhfeidhm. Tá 25ú Buíon Éireannach an Gharda Síochána imlonnaithe faoi láthair chuig an misean seo ina bhfuil 12 phearsanra, ar an iomlán. Thug an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn cuairt ar mhisean UNFICYP sa Chipir in 2019, agus chas sé le Ceann an Mhisin agus le Buíon Éireannach an Gharda Síochána a bhí páirteach sa mhisean.

Misean Riail Dlí an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX na Cosaive)

D'implonnaigh an Garda Síochána beirt phearsanra in 2019 go dtí EULEX na Cosaive agus ról Mhonatóra Coireachta Eagraithe agus Oifigeach Comhoibríochtaí acu, i Roinn na Feidhmeannachta. Bronntar an t-údarás sa sainordú feidhmiúcháin lena chinntiú go ndearnadh cásanna coireanna cogaidh, sceimhlitheoireachta, coireachta eagraithe, caimiléireachta, coireanna idir-eitneacha, agus coireanna airgeadais/geilleagracha a imscrúdú agus a ionchúiseamh i gcomhréir le dlí na Cosaive. Tá sainordú reatha an mhisin le dul in éag i Meitheamh 2020.

Bonn Seirbhíse Thar Lear a Bhronnadh

Bhronn an Leas-Choimisinéir, Póilíneacht agus Slándáil, boinn seirbhíse thar lear ar 12 chomhalta den Gharda Síochána a d'fhóin le Misean na Náisiún Aontaithe sa Chipir agus ar thriúr comhaltaí a d'fhóin le Misean EULEX an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv i rith 2017/2018.

Aitheantas seirbhíse

Gníomhartha Crógachta

Bronnadh Teastas Crógachta i ngeall ar Shárghníomhartha Crógachta ar dheichniúr Gardaí in 2019 agus i measc na ngníomhartha siúd bhí saol go leor daoine a thabhairt slán agus robálaithe faoi airm a chomhrac. Bronnadh trí Bhonn Cré-Umha i ngeall ar an gCrógacht agus cúig Bhonn Airgid i ngeall ar an gCrógacht ar chomhaltaí an Gharda Síochána.

Oiliúint agus Dualgais Idirnáisiúnta

D'fhreastail pearsanra a roghnaíodh lena n-implonú go dtí misin thar lear in 2020 ar Chúrsa Oiliúna maidir le Feasacht Timpeallachta Naimhdé de chuid CEPOL agus ar Chúrsa um Chearta Daonna CEPOL.

Chabhraigh an Oifig Seirbhíse Thar Lear le hIdirchaidreamh agus le Cosaint i ndiaidh gur iarr Stiúrthóireacht Chomhair Idirnáisiúnta Phóilíní na Fraince ar thacaíocht a thabhairt do Phóilíní Náisiúnta agus Gendarmerie na Fraince. Sannadh beirt Gardaí a bhfuil Fraincis líofa acu. Rinne siad patrólú, agus éide iomlán oibríochtúil an Gharda Síochána á caitheamh acu, chun láithreach leanúnach a sholáthar i rith an chuimhneacháin 75 bliain ar Dhul i dTír D-Day sa réigiún. Chabhraigh siad le húdarás Phóilíní na Fraince chun déileáil le cuairteoirí Éireannacha agus le náisiúnaigh a labhraíonn an Béarla i rith na gcuimhneachán laethúil.

Sláinte agus Sábháilteacht

Feidhmíocht Sábháilteachta in 2019

In 2019, b'ionann an líon pearsanra a cuireadh i gcuntas amhail bheith thíos le díobháil cheirde agus 554, i gcomparáid le 624 in 2018 agus 672 in 2017¹. Cé nár bhain ach tromchúise íseal le tromlach na ngortuithe seo, leanann an Garda Síochána ag díriú ar rioscaí a laghdú is cúis le teagmhais dhíobhálacha. Is iad ionsaithe, sleamhnú, tuisle agus titim na cúiseanna is coitianta a bhíonn le díobhálacha ceirde. Leanann an Garda Síochána ag díriú go príomha ar dhíobhálacha ceirde a laghdú.

1 Is é is cúis leis an dífríocht i bhfigiúirí i gcomparáid leo siúd i dTuarascáil Bhliantúil 2018 ná an dáta a thugtar díobhálacha ceirde le fios agus an dáta a iontráiltear iad sa chóras.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Promhóirí a Leithdháileadh

Ó 2015 go 2019, rinneadh 2,950 Garda Promhóra a fhianú agus a leithdháileadh. In 2019:

- Fuarthas 421 iarratas nua ar aistriú
- Leithdháileadh gach Sáirsint agus Cigire ar tugadh ardtú céime le déanaí dóibh ar fud na tíre
- Leithdháileadh 605 Garda Promhóra

Iasachtaí

Leanadh le comhaltaí an Gharda Síochána a thabhairt ar iasacht don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an RGFC) agus tháinig méadú aníos go dtí 20 Garda ar an líon Gardaí a bhí tugtha ar iasacht in 2019. Bíonn méadú ar chalois leasa shóisialaigh a bhrath agus a ionchúiseamh mar thoradh ar an gcomhoibriú seo idir an Garda Síochána agus an RGFC agus eascraíonn coigilteas méadaithe stáitchiste don Stát as. Cuireadh tús le fiontar nua don Gharda Síochána agus d'Eolaíocht Fhóirínseach Éireann (EFÉ) in 2019 agus tugadh 25 Garda ar iasacht do EFÉ.

Bhí ceathrar Gardaí ar iasacht freisin le GSOC in 2019.



Coláiste an Gharda Síochána

Bunoiliúint/BA i bPóilíneacht Fheidhmeach

- Thosaigh 599 Garda faoi Oiliúint le Céim I dá n-oiliúint in 2019.
- Lean 415 Garda faoi Oiliúint a thosaigh Céim I dá n-oiliúint in 2018 ar aghaidh leis in 2019.
- Rinneadh 605 Garda a fhianú i rith 2019.
- Thosaigh 605 Garda Promhóra Céim II dá n-oiliúint in 2019.
- Thosaigh 800 Garda Promhóra Céim III dá n-oiliúint in 2019.
- Bronnadh BA i bPóilíneacht Fheidhmeach ar 656 Garda Promhóra in 2019.

Uaireanta Oiliúna Iomlána i gColáiste an Gharda Síochána in 2019

Clár	Rannóg	Uaireanta Oiliúna
Bunoiliúint	Bunoiliúint (Oiliúnaithe)	749,588
	Oiliúint Promhóra	57,428
Iomlán		807,016
Coireacht agus Scileanna Oibríochtúla	Oiliúint Coireachta	10,864
	Oiliúint Tiománaithe	48,112
	Ceanncheathrú um Oiliúint Tiománaithe	19,912
	Imscrúdú Fóirínseach ar Imbhualtí	4,016
	Oiliúint ar Airm Thine	39,552
	Ceanncheathrú um Oiliúint ar Airm Thine	34,296
	Agallóireacht Imscrúdaithe	37,288
	Oiliúint ar Scileanna Sábhálteachta	34,672
Iomlán		228,712
Bainistíocht Ceannaireachta agus Forbairt Ghairmiúil	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	472
	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	119,528
	Forbairt Fhoireann an Gharda Síochána	8,784
	Córais Bhainistíochta Foghlama	97,872
	Forbairt Bainistíochta Ceannaireachta	22,144
Iomlán		248,800
Uaireanta Oiliúna Iomlána		1,284,528

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

BA i bPóilíneacht Fheidhmeach - Grúpa Athbhreithnithe Clár Choláiste an Gharda Síochána 2019

Is soláthraí bunaithe atá nasctha le hOllscoil Luimnigh é Coláiste an Gharda Síochána agus ceanglaítear air chun a oibleagáidí cáilíochta reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Bíonn súil leis, dá bharr, go ndéanann Coláiste an Gharda Síochána a phróisis institiúide um dhearbhu cáilíochta a fhorbairt, a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm, atá bunaithe den chuid is mó ar na Caighdeán agus Treoirínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG).

Ar aon dul leis an ESG, thug Coláiste an Gharda Síochána faoina chéad athbhreithniú seachtrach ar dhearbhu cáilíochta nuair a rinneadh athbhreithniú ar an BA i bPóilíneacht Fheidhmeach.

Tugadh cuairt ar an láthair i Samhain 2019, chas an painéal leis an bhfoireann, anuas ar Ghardaí faoi oiliúint agus promhóirí Garda i rith a gcuirte, agus rinne siad roinnt moltaí chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar an gcúrsa.

Ceannaireacht, Bainistíocht agus Forbairt Ghairmiúil

Ceannaireacht agus Forbairt Bainistíochta (CFB)

3,648

Chuir an Rannóg CFB áiteanna ar fáil i gclár forbartha do Ghardaí agus don fhoireann in 2019.

OneLearning

+948

Tionscnamh oiliúna arna gcur ar siúl in 2019 d'fhoireann an Gharda Síochána.

Oiliúint Idirnáisiúnta agus Comhordú Acadúil (ITAC)

1,041

Clár arna gcistiú i rith 2019.

Tá an Oifig um Oiliúint Idirnáisiúnta agus Comhordú Acadúil (ITAC) freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar chlár tríú leibhéal a chistítear go hiomlán agus go páirteach. Déanann an oifig comhordú freisin ar dhearadh agus éascú an chlár i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

+19,047

Tionscnamh Oiliúna FGL Náisiúnta curtha ar siúl i rith 2019.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Príomhfhorbairtí TFC

Thacaigh TFC le roinnt forbairtí sa timpeallacht bheo in 2019 anuas ar iad a thabhairt isteach. Áiríodh leo roinnt tionscnamh faoi APSFF:

- Córas Faisnéise Schengen II (SIS II)
- Seirbhís Soghluaisteachta ACTIVE
- An Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (an CBUD)
- Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta (BÁF)
- Córas Bainistíochta Imscrúduithe (CBI)
- Uasghrádú PULSE
- Uasghrádú VMware
- Uasghrádú Windows 10
- Uasghrádú Exchange 2016
- Feabhsúcháin ar Rialaitheoir Fearainn
- Windows 2008 - Deireadh Ré

Tionscadail Chrua-Earraí

Crua-Earraí



+ 980

Ríomhaire deisce eisithe

+ 506

Ríomhaire glúine eisithe

Seirbhísí Digiteacha agus Nuálaíocht

Rinneadh an Córas Bainistíochta Imscrúdaithe (an CBI) a imlonnú go rathúil go dtí roinnt Ranna an Gharda Síochána in 2019. Bhí 500 imscrúdú cruthaithe agus bhí 135,000 jab imscrúdaithe curtha i gcountas amhail an 31 Nollaig. Príomhghné de APSFF is ea Straitéis Soghluaisteachta an Gharda Síochána. Is í croifhís na straitéis seo chun cumhacht na ríomhaireachta móibílí nua-aimseartha a thabhairt isteach i bpóilíneacht túslíne. Ar aon dul le gealltanais ASPFF a rinne Foireann Soghluaisteachta TFC an Gharda Síochána don bhliain 2019, tugadh na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas chun críche go rathúil:

- Creat nua straitéiseach um Sholáthar Gléasanna Móibíleacha don Gharda Síochána a chruthú agus a bhronnadh.
- 2,000 gléas móibíleach nua a sholáthar don phóilíneacht túslíne.
- Tús a chur le gléasanna nua a imlonnú go dtí póilíneacht túslíne.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Cuireadh tús le himlonnú i mí na Nollag 2019. Díríodh i dtosach ar Phóilíníú Bóithre, agus brath fíor-ama a sholáthar do Ghardaí cois bóthair.

Bhuaigh Foireann Soghluaisteachta TFC an Gharda Síochána dhá ghradam i Meán Fómhair ag Gradaim Ríomhsheirbhísí Rialtais na hÉireann sna catagóirí ‘Móibíleach’ agus ‘Nuálaíocht’.

Gníomhaíochtaí na Deisce Seirbhíse TF 2019



85,612 ticéad curtha i gcuntas

89,239 glao freagartha 97

97% de chásanna réitithe i rith

Córas Faisnéise Schengen II (SIS II)

Rinne Gníomhaireacht TF, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), tástáil rathúil in 2019 ar chóras SIS II na hÉireann i dtaobh comhlíonadh teicniúil. Críochnaíodh tástáil go rathúil le ceithre bhallstát a ghlac páirt in SIS, agus baineadh an gharspíoc chriticiúil “ullmhacht teicniúil” a sainordáíodh amach i Nollaig agus rinne seo bealach a réiteach chun SIS a imlonnú in 2020.

Seomraí Rialaithe a Réigiúnú

Chríochnaigh TFC an Gharda Síochána an Tionscadal Seachadta Ríomhchuidithe 1 (CAD 1) in 2019. Tá gach ceann de na ceithre Sheomra Rialaithe Réigiúnacha ag feidhmiú anois. Cinntíonn seo go láimhseáiltear glaonna 999/112 go héifeachtúil, agus go ndéantar na hacmhainní a thabhairt chuig an láthair.

B'éard a bhain leis an tionscadal ná Réigiún an Oirthir agus Seomra Rialaithe Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a chónascadh; Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair a chónascadh isteach in aon seomra rialaithe amháin; Seomra Rialaithe Luimnigh a chónascadh isteach i Seomra Rialaithe Réigiúnach an Deiscirt, agus Seomra Rialaithe an Oirdheiscirt a bhunú.

Stáisiúin Neamhlíonraithe

Tá 551 stáisiún líonraithe faoi láthair agus tá teacht ag 541 díobh ar PULSE trí úsáid a bhaint as trealamh ríomhaire. Beidh teacht ag deich gcinn de na suíomhanna seo ar PULSE trí réiteach móibíleach faoi dheireadh Feabhra 2020. Tá 14 stáisiún eile ann nach bhfuil líonraithe mar gheall go bhfuiltear ag feitheamh sna láithreacha seo le cóiríocht oiriúnach.

Biúró Náisiúnta Teicniúil an Gharda Síochána (an GNTB)

In 2019, sholáthair foirne an GNTB tacaíocht eolaíochta agus saineolas teicniúil do 706 iarraidh, freastal Glaoigh Amach na Foirne Iomláine ina measc ag láithreacha 52 dúnmharú/bás amhrasach.

Mar chuid de ghnéithe áirithe den GNTB a chónascadh le hEolaíocht Fhóirínseach Éireann (EFÉ), rinneadh an Rannóg um Scrúdú Cáipéisí agus Lámhscríbhneoireachta, an Rannóg Méarlorg agus an Oifig Idirchaidrimh Fhóirínsigh a dhídhísiú in EFÉ.

An Rannóg Balaistíochta

In 2019, cuireadh 705 cás faoi bhráid na Rannóige Balaistíochta lena scrúdú. Cuirtear seo i gcomparáid le 653 cás in 2018, agus is ionann agus méadú 8% é seo.

Sainaitheint Íospartach Tubaistí Interpol

Imlonnaíodh beirt phearsanra a bhí ag oibriú in GNTB in Aibreán 2019, ar iarraidh Interpol, go dtí an Aetóip chun páirt a ghlacadh i bhfoireann Sainaitheanta Íospartach Tubaistí (SÍT) Interpol a bunaíodh maidir le hEitilt 302 de chuid Ethiopian Airlines. Thuairteáil eitilt sceidealaithe paisinéirí idirnáisiúnta an 10 Márta 2019 ó Aerfort Idirnáisiúnta Addis Ababa Bole san Aetóip, go dtí Aerfort Idirnáisiúnta Jomo Kenyatta in Nairobi, an Chéinia, agus maraíodh 158 duine, saoránach Éireannach amháin ina measc.

Chomhlíon pearsanra GNTB feidhmeanna, feidhmeanna Comhordaitheoir Oibríochtaí Marbhlainne na bPóilíní ina measc i gcaitheamh a n-implonaithe go dtí an Aetóip.

D'éirigh le gach íospartach na haerthuarite a shainaitheint trí úsáid a bhaint as DNA, agus rinneadh 48 íospartach eile a shainaitheint trí mhéarloing a bhuíochas le hiarrachtaí na foirne SÍT idirnáisiúnta.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

An Rannóg Grianghrafadóireachta

In 2019, chabhraigh an Rannóg Grianghrafadóireachta le 70 glao amach don Bhiúró Teicniúil agus beagnach 129 agallamh íomháithe Cumasc Comhpháirteanna Aghaidhe EvoFIT le híospartaigh, nó finnéithe, na coireachta. Chuir an Rannóg breis agus 125,000 íomhá ghrianghrafadóireachta aonair i gcló, in 2019, ar úsáideadh an tromlach mór díobh in imscrúduithe a bhain le tromchoireacht agus ar úsáideadh ina dhiaidh sin iad lena gcur i láthair i rith imeachtaí cúirte.

An Rannóg Léarscáilithe

Mar gheall ar dhul chun cinn i dteicneolaíocht, ar nós CCTV, rianú córas suite domhanda (GPS) agus fianaise ghuthán póca, tá imscrúduithe ag éirí níos casta i gcónaí. Mar thoradh air sin, lean an Rannóg Léarscáilithe laistigh de GNTB le méadú a thabhairt faoi deara ar mhéid na hoibre is gá a dhéanamh chun foilseáin léarscáilithe a ullmhú don chúirt.

Chuir an Rannóg léarscáileanna digiteacha ar fáil freisin don ghné nua a seoladh go rathúil in 2019 ar Thairseach an Gharda Síochána.

An Rannóg Méarlorg



4,113 Comhad cás láithreacha coireanna

923 sainaitint ag láithreacha coireanna déanta

Lean an Rannóg Méarlorg in 2019 le sainseirbhís chomparáide agus aitheanta deich méarlorg a sholáthar don Gharda Síochána agus gníomhaireachtaí rialtais eile, ar nós Sholáthar Seirbhíse Inimirce agus na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta (an OCI).

Fair GNTB breis agus 11,000 sraith méarlorg ó limistéir laistigh den Gharda Síochána. Phróiseáil an Rannóg Méarlorg 117,000 sraith méarlorg sa bhreis a fuarthas ó aonáin eile in 2019.

Bunachar Sonraí DNA

Catalóg de phróifílí DNA atá i gceist le bunachar sonraí DNA, nó banc sonraí DNA, ar féidir é a úsáid nuair a bhíonn anailís á déanamh ar ghalair ghéiniteacha, méarlorgaireacht ghéiniteach le haghaidh na coireolaíochta, nó ar ghinealas géiniteach. Is féidir le bunachair sonraí DNA a bheith poiblí nó príobháideach, agus is iad na cinn is mó na bunachair sonraí DNA náisiúnta.

Foráiltear san Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), do bhunachar sonraí DNA a bhunú a úsáidfeadh le haghaidh roinnt cuspóirí, an méid seo a leanas ina measc:

- (i) foinse faisnéise a sholáthar d'imscrúduithe coiriúla;
- (ii) cabhrú le daoine ar iarraidh a aimsiú, agus
- (iii) cabhrú le daoine neamhaitheanta a shainaitint.

Bíonn ról tábhachtach le glacadh ag an nGarda Síochána maidir le samplaí DNA a ghlacadh ó dhaoine ábhartha, daoine a bhfuil amhras fúthu san áireamh, agus gaolta le daoine ar iarraidh.

Foilsítear staitisticí a bhaineann leis an líon samplaí DNA a ghlactar gach bliain i dtuarascáil bhliantúil a chuireann EFÉ le chéile.



Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

An Stiúrthóireacht Dhlíthiúil

Anuas ar fhreagracht fhoriomlán eagraíochtúil as Dlí Coireanna, Cearta Daonna agus Dlí Sibhialta, tá an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, freagrach as comhairle dlí dhíreach a chur ar Fheidhmeannacht an Gharda Síochána ar réimse fairsing saincheistanna dlí shibhialta agus choiriúil.

Coireacht Dhlíthiúil

An Rannóg Dlí

Cuireann Rannóg Dlí an Gharda Síochána comhairle dlí agus idirchaidreamh oibríochtúil le príomh-chomhpháirtithe ceartais in Oifig an Ard-Aighne agus an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Oibríonn foireann aturnaetha agus abhcóidí cáilithe sa Rannóg seo. Dhéileáil an Rannóg Dlí le 1,300 iarraidh ar leith ar chomhairle, breis agus 605 comhad nua ina measc in 2019.

An Rannóg um Chúnamh Frithpháirteach Dlí

Cuireann an Rannóg um Chúnamh Frithpháirteach Dlí comhairle agus tacaíocht ar fáil d'imscrúdaitheoirí ar fud an Gharda Síochána a iarrann ar Chúnamh Frithpháirteach Dlí amach theastaíonn chun a n-imscrúduithe coiriúla a thabhairt chun cinn. De bhreis air sin, déanann an Rannóg comhordú agus bainistíocht ar dhul chun cinn iarataí ar Chúnamh Frithpháirteach Dlí isteach a fhaigheann an tÚdarás Láir ag an Roinn Dlí agus Cirt. Tá méadú tagtha ar ualach oibre na Rannóige seo le blianta beaga anuas agus tugadh 1,104 iarraidh nua chun cinn in 2019.

An tAonad Beartas Airm Thine

Gníomhaíonn an tAonad Beartas Airm Thine mar phointe tagartha lárnach d'Oifigigh Cheantair agus Roinne an Gharda Síochána, na heagraíochtaí éagsúla lámhaigh atá scaipthe ar fud na tíre, agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Oibríonn an Rannóg go dlúth le comhaltaí an Gharda Síochána freisin i gcáil oibríochtúil, agus cuireann sí comhairle agus treoir ar fáil, nuair is gá. Treoirínte an Choimisinéara, mar shampla, ina leagtar amach i dtéarmaí praiticiúla conas ba cheart limistéar casta na reachtaíochta airm thine a chur i bhfeidhm.

Bhí thart ar 200,000 arm tine ceadúnaithe sa tír in 2019, a ceadúnaíodh go príomha ar chúiseanna ar nós rialú míolra, seilge agus lámhach targaidí.

An Rannóg Riaracháin

Cuireann an Rannóg Riaracháin pointe teagmhála lárnach ar fáil do réimse fairsing comhpháirtithe ceartais idir an tSeirbhís Príosúin; an Bord Parúil; athbhreithnithe Meabhairshláinte; iarataí Roinne ar fhaisnéis; iarataí Choinbhinsiún na Háige, agus fiosrúcháin faoin Acht Cothabhála. In 2019, dhéileáil sé le 621 iarraidh nua aonair.

An Rannóg Leagáide

Bunaíodh an Rannóg Leagáide in 2018 chun tacú le agus comhordú a dhéanamh ar fhreagairt an Gharda Síochána ar fhiosrúcháin atá nasctha le ceisteanna leagáide a fuarthas ó Údarás imscrúdaithe i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Tá idirchaidreamh leanúnach á dhéanamh i gcónaí idir an Rannóg seo agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, a dhéanann comhordú le Seirbhís Chróinéara Thuaisceart Éireann thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochána. Leanfaidh an Rannóg le cúnaimh agus cáipéisíocht a sholáthar, a mhéid agus a cheadaítear faoin reachtaíocht, do Sheirbhís Chróinéara Thuaisceart Éireann. Cuireadh tús leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Comhar Idirnáisiúnta), 2019 i Meán Fómhair 2019 agus bhí a bhforálacha le cur i bhfeidhm ag Seirbhís Chróinéara Thuaisceart Éireann ar iarataí a dhéantar ar an gCoimisinéir ar chúnamh.

An tAonad Fiosrúchán

Rith Tithe an Oireachtais tairiscint a d'iarr ar fiosrúchán poiblí a bhunú ar bhás an Uasail Shane O'Farrell an 2 Lúnasa 2011. Cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Breitheamh Gerard Houghton ar mhaithe le tabhairt faoi chleachtadh scoipeála maidir leis na cúinsí ónar eascair bás an Uasail Shane O'Farrell i gContae Mhuineacháin. Cheap an Coimisinéir an tArd-Cheannfort, Dlí Coireachta, chun gníomhú mar Oifigeach Idirchaidrimh don Bhréitheamh Houghton thar ceann an Gharda Síochána.

Bunaíodh an tAonad Fiosrúchán laistigh de Dhlí Coireachta chun freastal ar iarataí an Bhréithimh Houghton agus chun na freagairtí a chomhordú ó gach Rannóg laistigh den Gharda Síochána. Tá an tAonad freagrach as cáipéisíocht a fháil, a athbhreithniú agus a thiomsú a fhaightear ó roinnt rannóga inmheánacha den Gharda Síochána, sa mhullach ar an gcáipéisíocht a ullmhú lena breithniú laistigh de Théarmaí Tagartha Chleachtadh Scoipeála an Bhréithimh Houghton.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Foireann Chomh-Imscrúdaithe

Bhunaigh an Garda Síochána agus an PSNI Foireann Chomh-Imscrúdaithe i Samhain 2019, faoi Airteagal 20 den Dara Prótocal Breise a ghabhann leis an an gCoinbhinsiún Eorpach ar Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla, chun coiriúlacht trasteorann a chomhrac. Seo an chéad Fhoireann Chomh-Imscrúdaithe inar ghlac an Garda Síochána páirt.

An Rannóg um Chearta Daonna

Cuireann an Rannóg um Chearta Daonna seirbhís leanúnach chomhairleach, feidhmiúlacht agus comhairle taighde, ar fáil do gach limistéar den Gharda Síochána, maidir le ceisteanna a bhain le cearta daonna. Tacaíonn sé freisin le Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna an Gharda Síochána (SHRAC) a chasann le chéile ar bhonn ráithiúil.

I rith 2019, d'fhorbair agus d'fhoilsigh an Rannóg sraith ábhar a sholáthair na chéad chéimeanna chun bonneagar um chearta daonna a fhorbairt don Gharda Síochána - an Creat um Chearta Daonna, Uirlis Scagtha um Chearta Daonna agus Cáipéis Treorach Oibríochtúil, Cur Chuige Bunaithe ar Chearta Daonna i leith Póilíneachta. D'fhoilsigh an Rannóg Straitéis um Chearta Daonna an Gharda Síochána 2020-2022 i Nollaig.

Chun teacht ar eolas breise, féach, le do thoil, an mhír Cearta Daonna, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (leathanaigh 25-28).

Dlí Sibhialta

Bainistíonn an Rannóg seo an dlíthíocht shibhialta go léir a tionscnaíodh in aghaidh an Choimisinéara agus cuireann sé comhairle dlí ar fáil do bhainisteoirí sinsearacha a bhaineann le ceisteanna dlí shibhialta. Dhéileáil sé le 840 ceist nua in 2019. Áiríodh le samplaí de na saghsanna gcásanna a rinneadh a chosaint thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochána; Athbhreithnithe Breithiúnacha, Dlíthíocht maidir le Díobhálacha Pearsanta, Clúmhillleadh agus Gníomhartha Torta, agus Fionnachtain Tríú Páirtí.

An tAonad um Chosaint Sonraí

Bhí an Garda Síochána faoi réir na Treorach um Chosaint Sonraí Ceartais Phóilíní agus Choiriúil (LED) agus Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an Aontais Eorpaigh (an RGCS) in 2018. Cheap an Garda Síochána Oifigeach Cosanta Sonraí agus bhunaigh sé Aonad nua um Chosaint Sonraí ina dhiaidh sin.

I measc phríomhghníomhaíochtaí an Aonaid in 2019, bhí foireann nua a earcú go leanúnach don Aonad agus oiliúint a chur orthu go leanúnach; tástáil a dhéanamh ar réiteach nua TF lena chumasú bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar chosaint sonraí laistigh den Gharda Síochána; feachtas ar chosaint sonraí a mhúscailt; beagnach 7,400 iarraidh Rochtana ag Ábhar ó bhaill den phobal a phróiseáil agus cabhrú le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta le comhaontuithe roinnte sonraí; Measúnachtaí Tionchair um Chosaint Sonraí, agus beartais agus nósanna imeachta nua a dhréachtú.

An Oifig um Shaoráil Faisnéise (SF)

Fuair an Oifig SF 497 iarraidh in 2019. Rinne iriseoirí (203), agus baill den phobal (209) tromlach na n-iarrataí seo a sheoladh ar aghaidh. Sheol claint/fostaithe (40), acadóirí (8), aturnaetha (25), baill den Oireachtas (2), grúpaí gnó/leasa (8), agus ionadaithe poiblí (2) na hiarrataí eile ar aghaidh.

Déanann an Oifig SF bainistiú freisin ar iarrataí ar chúnamh nach dtagann faoi chuimsiú scóip na limistéar seo, nó sa chás go bhfuil an t-eolas ar fáil cheana féin ó fhoinsí eile (e.g. láithreán gréasáin agus foilseacháin an Gharda Síochána). Fuarthas 399 iarraidh in 2019 ar chúnamh agus dhéileáil an oifig leo, a chatagóirítear mar iarrataí neamh-inchálithe SF.

As na 497 iarraidh a fuair an Oifig SF in 2019, aithníodh iad go léir laistigh den teorainn shonraithe 10 lá oibre. Eisíodh ceathair déag de na hiarrataí i ndiaidh a ndáta dlite. Tabharfar seacht gcinn de na 497 iarraidh isteach in 2020.

D'eisigh an Oifig SF 503 cinneadh in 2019, 13 iarraidh san áireamh a tugadh anonn ó 2018.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (GISC)

Tá athbhreithniú ar cháilíocht sonraí, athbhreithniú ar an GISC san áireamh, ar bun faoi láthair. Forbraíodh Plean Dearbhaithe Cailíochta Sonraí agus cuireadh é faoi bhráid an Bhoird Rialachais Sonraí i mí na Nollag chun breithniú a dhéanamh air. Cuireadh 763,000 glao ar GISC in 2019 agus chruthaigh sé 877,000 teagmhas ar chóras PULSE thar ceann Gardaí. B'ionann na líonta seo agus méadú 3% de ghlaonna agus 11% de theagmhais a cruthaíodh aníos ón mbliain roimhe sin. Níorbh fhéidir le GISC, áfach, chun a sprioc a bhaint amach chun 80% de na glaonna a cuireadh air a fhreagairt laistigh de 20 soicind faoi dheireadh na bliana. Freagraíodh 58% de na glaonna laistigh den am sin, ina ionad sin. Níor baineadh an sprioc amach mar gheall ar shaincheisteanna maidir le hacmhainní a sholáthar agus tá foireann á hearcú faoi láthair chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo. D'fhéadfadh an toradh a bheidh ar an tionscadal gléasanna móibileacha tionchar a imirt air seo in 2020.

Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GNVB)

Fuarthas 487,683 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ag an mbiúró in 2019. Próiseáladh 85% d'iarratais ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána laistigh de thrí nó ceithre lá oibre. Baineadh an t-am próiseála seo amach go comhsheasmhach ó thús go deireadh na bliana 2019, agus próiseáladh iarratais laistigh de thréimhse a ghiorra le dhá lá, amanna. Rinne an tAonad Comhlíonta nuabhunaithe thart ar 5,000 seiceáil chomhlíonta in 2019 le heagraíochtaí ábhartha i limistéar 'ábharthacht ról'. Ba é réasúnaíocht na Seiceálacha Ábharthachta Róil agus an toradh ar beartaíodh go mbainfidís amach ná a chinntiú nach raibh grinnfhiosrúchán á dhéanamh ag eagraíochtaí ábhartha ar dhaoine aonair le haghaidh ról a dteastaíonn grinnfhiosrúchán uathu faoin reachtaíocht (an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012/2016). Úsáideann 96% d'eagraíochtaí ábhartha an córas ríomh-ghrinnfhiosrúcháin. Cuireadh dhá chéad nócha iarratas nua ar ghrinnfhiosrúchán faoi bhráid na Foirne Faisnéise Sonraithe¹ in 2019. Nochtadh 'faisnéis shonraithe' faoi dheireadh 2019 i gcás naoi n-iarratas ar ghrinnfhiosrúchán, bhí 178 iarratas á dtabhairt tríd na céimeanna éagsúla, agus bhí 24 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ag Céim Achomhairc. Chuir GNVB comhdháil ar siúl in 2019 i bPáirc an Chrócaigh ar fhreastail breis agus 400 toscaire uirthi, daoine idirchaidrimh reachtúil ina measc a rinne ionadaíocht do 26,000 'eagraíocht ábhartha'; cleamhnaithe

grinnfhiosrúcháin ar fud na hÉireann; ionadaithe ón Údarás Póilíneachta, GSOC, an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais, agus Cigireacht an Gharda Síochána, anuas ar phearsanra an Gharda Síochána ó rannóga éagsúla ar fud na heagraíochta. Anuas air sin, ainmníodh GNVB mar an tÚdarás Láir le haghaidh thaifid coiriúla an Gharda Síochána in Éirinn laistigh de chreat an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla (ECRIS), a láimhseáil 20,000 iarraidh agus fógra de chuid ECRIS i rith na bliana. Chuir GNVB leis an dara tionscadal mór a fhorbairt a bhaineann le Náisiúnaigh Tríú Tír a chur san áireamh laistigh de chreat an ECRIS i rith 2019.

1 Faisnéis is cúis réasúnta le buairt bona fide go bhféadfadh duine aonair díobháil a dhéanamh do leanbh nó do dhuine fásta leochaileach nó a chur faoi deara go ndéantar díobháil do leanbh nó do dhuine fásta leochaileach.

An Ghaeilge a Chur chun Cinn

Tá cumas an Gharda Síochána chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge mar chuid dá chlár mórathraithe, a chinnteoidh go bhfuil sé ag cloí le haon oibleagáidí maidir leis an nGaeilge. Cinnteoidh Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine go gcuirfeadh an t-éileamh ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge san áireamh i ngach comórtas inmheánach ardaithe céime agus cliathánach amach anseo. Beidh an sruth Gaeilge ar fáil feasta nuair a bhíonn oiliúnaithe Gardaí á n-earcú i ngach comórtas amach anseo. Athraíodh beartas earcaíochta an Gharda Síochána in 2013 le gné Ghaeilge a chur san áireamh. Cinntíonn an sruth sin go gcuirtear 10% de na poist atá ar fáil ar leataobh d'iarthóirí a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a shásaíonn gach riachtanas eile. Caithfidh gach oiliúnaí Garda tabhairt faoi oideachas Gaeilge, ábhair san áireamh ar nós feasachta ar an teanga agus cearta teanga. Rinneadh gealltanais sa Bheartas Nua do Stáisiúin Ghaeltachta an Gharda Síochána don Choimisinéir Teanga agus do phobail na Gaeltachta go gcuirfeadh bearta i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh Gardaí a oibríonn i stáisiúin Ghaeltachta in ann tabhairt faoina ndualgais go muiníneach agus go héifeachtach trí mheán na Gaeilge.

Cumarsáid

Chuir Oifig na Cumarsáide Corparáidí réimse leathan feachtas, preasimeachtaí agus cruinnithe faisnéise leis na meáin i bhfeidhm i rith 2019 chun comhairle ar chosc na coireachta agus ar shábháilteacht phoiblí a sholáthar don phobal, chun impí ar eolas chun cabhrú le himscrúduithe, agus chun an tsárobair atá á déanamh ag an eagraíocht a thabhairt chun solais.

Seirbhísí Traseagraíochta - ar lean

Cumarsáid Inmheánach

Bunaíodh Oifig Cumarsáide Inmheánaí in 2019 agus ceapadh Ceann na Cumarsáide Inmheánaí i mBealtaine. Forbraíodh Straitéis Cumarsáide Inmheánaí nua. Mar chuid de seo, forbraíodh cainéil chumarsáide inmheánaí dhigiteacha nua, spárálaithe scáileáin san áireamh, a nuashonrófar ar bhonn míosúil chun príomhtheachtaireachtaí a dháileadh. Comhaontaíodh freisin ar leagan digiteach de Newsbeat a athsheoladh agus tabharfar seo chun cinn níos mó in 2020.

Feachtais

Reachtáladh roinnt feachtais phoiblí eolais/feasachta i gcaitheamh 2019, an méid seo a leanas ina measc:

- An cion nua, rialú comhéigheach, a thabhairt chun solais.
- Feachtas an Lae um Shábháilteacht Bhonn leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (an ÚSB) agus le Tionscal Bonn na hÉireann.
- Oibríocht Park Smart - a impíonn ar an bpobal gan éirí réchúiseach agus a chinntiú go gcuirtear feithiclí faoi ghlas agus go gcoimeádtar earraí luachmhara as radharc. D'aimsigh an feachtas seo thart ar 5.9 milliún duine, idir na meáin thraidisiúnta agus ar líne.
- Cuireadh feachtas um Shábháilteacht ar Bhóithre um Nollaig, Oibríocht Open City agus teachtaireachtaí sábháilteachta san áireamh faoin mbaol a chruthaíonn rothair streachailte/cuadrothair.
- Comhairle ar conas cosc a chur ar cibearbhulaíocht agus é a aithint.

Chun eolas agus athdhearbhú a sholáthar do phobail áitiúla fad a bhí cuairt á tabhairt ag Uachtarán na Stát Aontaithe, Donald Trump, coimeádh an pobal agus na meáin ar an eolas go rialta trí phreaseisiúintí, cruinnithe faisnéise agus postálacha sna meáin shóisialta. Thug na nuashonruithe seo cuntas ar an tionchar a d'imir an chuairt ar an bplean póilíneachta agus slándála. Mar thoradh air seo, baineadh rannpháirtíocht thréan amach idir an pobal áitiúil agus Gardaí, chomh maith le rátaí rannpháirtíochta breis agus 10% (is ionann an ráta caighdeánach tionscail agus thart ar 1%) le postálacha ar Facebook. Seoladh an feachtas earcaíochta 'The Difference is You'. Ba é seo an chéad fheachtas earcaíochta brandáilte den chineál seo a chuir an eagraíocht ar bun riamh. Dhírigh an feachtas ar dhaoine, mná ach go háirithe, a mb'fhéidir nár rith sé leo riamh roimhe seo chun tosú ag oibriú leis an nGarda Síochána. Rinneadh fógraíocht teilifíse, chlóite agus ar líne mar chuid den fheachtas, chomh maith le promóisean ar chainéil na meán sóisialta. Bronnadh 'Fógra na Seachtaine' ar an

bhfógra teilifíse ar Adworld.ie agus bhain sé 100,000 amharc amach ar YouTube. Amharcadh breis agus 200,000 uair ar phostáil ar leathanach Facebook an Gharda Síochána a rinne an feachtas a sheoladh.

An Phreasoifig Réigiúnach

I ndiaidh gur ceapadh pearsanra sibhialtach, bunaíodh an dara preasoifig réigiúnach i Réigiún an Iarthair in 2019.

Láithreán Gréasáin

I ndiaidh gur tugadh an láithreán gréasáin nua isteach in 2018, bhain an líon amharc ar Garda.ie 4.8 milliún amharc leathanaigh amach faoi dheireadh 2019, agus tháinig méadú 5% ar an meánam a caitheadh ar an láithreán gréasáin.

Na Meáin Shóisialta

Tháinig borradh aníos go dtí breis agus 1 milliún faoi dheireadh mhí na Nollag ar lucht leanúna mheáin shóisialta an Gharda Síochána, arb é an lucht leanúnach sin an ceann is mó san earnáil phoiblí agus is ionann sin agus méadú bliantúil 23%. Sheol an Garda Síochána a chuntas Instagram i mBealtaine 2019 agus baineadh 37,000 leantóir amach faoi dheireadh mhí na Nollag. Cuireadh ceithre leathanach nua Roinne/Réigiúnacha leis i rith na bliana; Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin, an Iarmhí agus Loch Garman. Ciallaíonn seo go bhfuil láithreachta sna meáin shóisialta anois ag gach Réigiún/Roinn. Rinneadh cáiliú de 197 Garda i Samhain a phodchraoladh ar Facebook Live agus d'fhéach 92,000 duine air agus bhain sé clúdach forleathan sna meáin amach. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gComóradh 60 Bliain ó thosaigh mná ag oibriú sa Gharda Síochána, cuireadh imeacht ar siúl in Farnleigh. Chuir Cumarsáid Chorpáraideach leabhrán le chéile don imeacht inar tugadh sonraí faoi dhul chun cinn na mban san eagraíocht le 60 bliain anuas. Rinne réimse fairsing meán an t-imeacht a chlúdach, Nuacht RTÉ Sé a Chlog, san amháin. Amharcadh breis 120,000 uair ar phostálacha meán sóisialta an Gharda Síochána ón imeacht.

Crimecall

Lean Crimecall in 2019 le lucht féachana suntasach a bhaint amach agus bhain gach clár lucht féachana 330,120 duine amach, ar an meán. Lean an clár le ról tábhachtach a ghlacadh i dtaobh an choireacht a chomhrac agus a chosc, agus chun cabhrú le himscrúduithe ardphróifíle, ar nós dúnmharuithe, trombhuirgléireachtaí, ionsaithe gnéasacha agus daoine ar iarraidh.

STAITISTICÍ 2019



“Cuirimid sonraí bliantúla i láthair sa mhír seo a leanas ó thréimhse reatha 2019 na straitéise chomh maith leis na tréimhsí trí bhliana den straitéis roimhe seo a bhaineann le sonraí 2013-2015 agus 2016-2018.”

Cuirimid sonraí i láthair sa mhír seo a leanas ó 2019 i gcomparáid leis na tréimhsí straitéise trí bliana ó 2016 go 2018 agus ó 2013 go 2015. Cuirtear comhthéacs níos saibhre ar fáil trí chomparáid a dhéanamh i measc tréimhsí straitéise agus cuirtear treochtaí níos soiléire ar fáil ná mar a chuirfí mura ndéanfaí ach comparáid bliain ar bhliain.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur baineadh na sonraí, mura luaitear a mhalairt, ó chóras PULSE i Márta 2020. Tá na sonraí oibríochtúil agus faoi réir athrú, ar an gcaoi sin.

Staitisticí 2019 - ar lean

Teagmhais Bhuirgléireachta a Cuireadh i dTaifead

Meán 2016-2018: 1485 teagmhas sa mhí.

Meán 2019: 1370 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019:

-196 teagmhas (-1.2%).

Teagmhais Bhuirgléireachta a Marcáladh mar Braitheadh*


Meán 2016-2018: 237 Brath sa mhí.

Meán 2019: 198 Brath sa mhí.

Foinse: Saghsanna CACÉ de Shonraí Oibríochtúla PULSE: 0711, 0712

* Rinne PULSE 7.3 a tugadh isteach an 25 Feabhra 2018, agus próisis nua á dtabhairt isteach maidir le conas a chuirtear teagmhais i dtaifead faoi mar ar braitheadh iad ar PULSE, dífeair d'fhigiúirí braite. Níor cheart comparáid a dhéanamh idir sonraí braite sula ndearnadh an t-uasghrádú ar PULSE agus ina dhiaidh.

Buirgléireacht



Teagmhais Robála a Cuireadh i dTaifead

Meán 2016-2018: 187 teagmhas sa mhí

Meán 2019: 195 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019:

-97 teagmhas (-4.0%).

Teagmhais Robála a Marcáladh mar Braitheadh*


Meán 2016-2018: 64 Brath sa mhí.

Meán 2019: 55 Brath sa mhí.

Foinse: Saghsanna CACÉ de Shonraí Oibríochtúla PULSE: 0611, 0612, 0613, 0621, 0631

* Rinne PULSE 7.3 a tugadh isteach an 25 Feabhra 2018, agus próisis nua á dtabhairt isteach maidir le conas a chuirtear teagmhais i dtaifead faoi mar ar braitheadh iad ar PULSE, dífeair d'fhigiúirí braite. Níor cheart comparáid a dhéanamh idir sonraí braite sula ndearnadh an t-uasghrádú ar PULSE agus ina dhiaidh.

Robáil



Staitisticí 2019 - ar lean

Teagmhais lonsaí a Cuireadh i dTaifead

Meán 2016-2018: 1519 teagmhas sa mhí.

Meán 2019: 1757 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019:
+1368 teagmhas (+6.9%).

Teagmhais lonsaí a Marcáladh amhail bheith Braite*


Meán 2016-2018: 695 Brath sa mhí.

Meán 2019: 409 Brath sa mhí.

Foinse: Saghsanna CACÉ de Shonraí Oibríochtúla PULSE: 0311, 0312, 0321, 0324, 0331, 0332, 0333, 0334, 0335

* Rinne PULSE 7.3 a tugadh isteach an 25 Feabhra 2018, agus próisis nua á dtabhairt isteach maidir le conas a chuirtear teagmhais i dtaifead faoi mar ar braitheadh iad ar PULSE, difear d'fhigiúirí braite. Níor cheart comparáid a dhéanamh idir sonraí braite sula ndearnadh an t-uasghrádú ar PULSE agus ina dhiaidh.

Ionsaí



Tréimhse Straitéise 2013-15

Tréimhse Straitéise 2016-18

Tréimhse Straitéise 2019-21

Teagmhais Choireachta Gnéis a Cuireadh i dTaifead

Meán 2016-2018: 243 teagmhas sa mhí.

Meán 2019: 278 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019:
+129 teagmhas (+4.0%).

Nóta Tráchtá: Ceaptar go bhféadfadh go ndéantar an saghas seo a thearchtuairisciú agus caitear le méadú mar "ceartú inmhianaithe".

Teagmhais Choireachta Gnéis a Marcáladh amhail bheith Braite*


Meán 2016-2018: 67 Brath sa mhí.

Meán 2019: 54 Brath sa mhí.

Foinse: Foghrúpa CACÉ de Shonraí Oibríochtúla PULSE: 021, 023

* Rinne PULSE 7.3 a tugadh isteach an 25 Feabhra 2018, agus próisis nua á dtabhairt isteach maidir le conas a chuirtear teagmhais i dtaifead faoi mar ar braitheadh iad ar PULSE, difear d'fhigiúirí braite. Níor cheart comparáid a dhéanamh idir sonraí braite sula ndearnadh an t-uasghrádú ar PULSE agus ina dhiaidh.

Coireacht Ghnéis



Tréimhse Straitéise 2013-15

Tréimhse Straitéise 2016-18

Tréimhse Straitéise 2019-21

Staitisticí 2019 - ar lean

Teagmhais Díola agus Soláthair Drugaí a Marcáladh amhail bheith Braite*

Meán 2016-2018: 282 teagmhas sa mhí.


Meán 2019: 311 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019:
+1522 (+68.9%).

Foinse: Saghsanna CACÉ de Shonraí Oibríochtúla PULSE: 1011, 1012, 1021

* Rinne PULSE 7.3 a tugadh isteach an 25 Feabhra 2018, agus próisis nua á dtabhairt isteach maidir le conas a chuirtear teagmhais i dtaifead faoi mar ar braitheadh iad ar PULSE, dlífead d'fhigiúirí braite. Níor cheart comparáid a dhéanamh idir sonraí braite sula ndearnadh an t-uasghrádú ar PULSE agus ina dhiaidh.

Díol agus Soláthar Drugaí a Braitheadh



Tréimhse Straitéise 2013-15

Tréimhse Straitéise 2016-18

Tréimhse Straitéise 2019-21

Teagmhais Chuireachta Fuatha

Meán 2016-2018: 27 teagmhas sa mhí.


Meán 2019: 21 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019: -88 teagmhas (-26%).

Nóta Tráchtá: Ceaptar go bhféadfadh go ndéantar an saghas seo a thearcthuairisciú agus caitear le méadú mar "ceartú inmhianaithe".

Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE
Teagmhais a marcáladh leis an MO: Aoiseachas, Frith-Mhíchumas, Inscnebhainteach, Homafóibe, Frith-Mhoslamach, Ciníochas, Frith-Romach, Seicteach, Frith-Sheimíteachas, Trasfhóibe, Frith-Lucht Siúil

Teagmhais Chuireachta Fuatha



Tréimhse Straitéise 2013-15

Tréimhse Straitéise 2016-18

Tréimhse Straitéise 2019-21

Staitisticí 2019 - ar lean

Teagmhais Drochíde sa Teaghlach a Cuireadh i dTaifead

Meán 2016-2018: 1758 teagmhas sa mhí.


Meán 2019: 2362 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019:
+4799 teagmhas (+20.4%).

Nóta Tráchta: Ceaptar go bhféadfadh go ndéantar an saghas seo teagmhais a thearcthuirisciú agus caitear le méadú mar "ceartú inmhianaithe". Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil figiúirí coireachta agus neamhchoireachta sna sonraí seo. Níor cuireadh gach teagmhas neamhchoireachta san áireamh sna figiúirí a foilsíodh in 2017, agus tá neamhréitigh idir foilseacháin dá bharr.

Foinse: Saghas CACÉ de Shonraí Oibríochtúla PULSE: Saghas Neamhchoireachta 1551: Díospóid Bhaile - Cion ar Bith Nochta Eile: Teagmhais maidir le Drochíde sa Teaghlach MO /Foréigean Teaghlaigh

Teagmhais Drochíde sa Teaghlach



	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Teagmhais	14000	16718	18293	21460	23546	28345
	Tréimhse Straitéise 2013-15			Tréimhse Straitéise 2016-18		Tréimhse Straitéise 2019-21

Imbhualtí Tráchta - Básanna

Meán 2016-2018: 14 bhás sa mhí.

Meán 2019: 12 bhás sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019: -2 (-1.4%).

Imbhualtí Tráchta - Gortuithe Tromha


Meán 2016-2018: 82 gortú tromchúiseach sa mhí.

Meán 2019: 109 gortú tromchúiseach sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019: +75 (+6.1%).

Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE

Imbhualtí Tráchta - Básanna agus Gortuithe Tromha



	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Fatalities	193	161	183	158	143	141
Serious Injuries	514	418	761	956	1235	1310
	Tréimhse Straitéise 2013-15			Tréimhse Straitéise 2016-18		Tréimhse Straitéise 2019-21

Staitisticí 2019 - ar lean

Cionta Tarrthála Tráchta

Meán 2016-2018: 7764 teagmhas sa mhí.

Meán 2019: 9197 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019: +4220 (+4.0%).

Nóta Tráchta: Déanann fáil laghdaithe ar threalamh uathoibríthe monatóireachta luais difear do na torthaí.

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE agus an CPMS
Saghas CACÉ: 0412, 0413
Saghsanna an CPMS: Ag Tiomáint ar Luas (Idirghabháil agus Neamh-Idirghabháil), Crios Sábhála, Guthán Póca*



Rabhaidh agus Conarthaí Iompair (Ordú um Iompar Frithshóisialta)

Meán 2016-2018: 100 rabhadh agus conradh sa mhí.

Meán 2019: 87 rabhadh agus conradh sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019: -356 (-25.2%).

Nóta Tráchta: Níor cuireadh aon Chonarthaí Dea-Iompair i gcuntas i rith na tréimhse 2019.


Orduithe Iompair (Ordú um Iompar Frithshóisialta)

Meán 2016-2018: 3 Ordú sa mhí.

Meán 2019: 3 Ordú sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2018 agus 2019: +7 (+23.3%).

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE
Saghsanna PULSE: Rabhaidh Iompair (Leanaí),
Orduithe Iompair (Leanaí), Rabhaidh Iompair (Daoine Fásta),
Conarthaí Dea-Iompair, Orduithe Sibhialta (Daoine Fásta),
Cionta Ordaithe um Iompar Frithshóisialta (amháin)*



Staitisticí 2019 - ar lean

Leanbh a Thabhairt go hÁit Shábháilte (Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí)

Meán 2016-2018: 61 teagmhas sa mhí.

Meán 2019: 68 teagmhas sa mhí.

Difríocht idir torthaí 2019: +23 (+2.9%).

Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE

Saghsanna PULSE: Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí
arna Agairt

Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí arna Agairt



Tréimhse Straitéise
2013-15

Tréimhse Straitéise 2016-18

Tréimhse
Straitéise
2019-21


Daoine a fuair Bás agus iad faoi Choimeád an Gharda Síochána

Meán 2014-2016: 0.7 bás sa bhliain.

Meán 2017-2019: 1.3 bás sa bhliain.

Foinse: Gnóthaí Inmheánacha an Gharda Síochána.

Daoine a fuair Bás agus iad faoi Choimeád an Gharda Síochána



Tréimhse Straitéise
2013-15

Tréimhse Straitéise 2016-18

Tréimhse
Straitéise
2019-21

Staitisticí 2019 - ar lean

Urghabhálacha Drugaí Amháin an Gharda Síochána in 2019

Cuireann Eolaíocht Fhóirínseach Éireann na méideanna drugaí a rinneadh a tháblú sa tábla thíos ar bhunús taifead atá á gcoimeád ag an tsaotharlann a bhaineann le méideanna drugaí a ndearna an tsaotharlann anailís orthu.

Tá gach figiúir sealadach, oibríochtúil agus faoi réir athrú amhail an 14/04/2020.

Urghabhálacha Drugaí an Gharda Síochána in 2019 - Bliain Iomlán			
Catagóir	graim/millilítir/Planda	Táib./Cear./Caps	Luach
Stéaróidigh Anabalacha	6	3,109	€1,865
Asaipín	137	243,000	€406,754
Luibh Channabais	462,482		€9,249,630
Plandaí Cannabais*	8,576		€6,860,800
Roisín Cannabais	46,522		€279,130
Cáitíonón	454	3,472	€41,081
Cócaon	104,715		€7,330,043
Démhoirín	30,449		€4,262,825
Siabhraigin	6,464	1,768	€422,568
Oibreáin mheasctha	87,771	479	€43,885
Substaintí Sícighníomhacha		17,246	€172,465
Ópóideach Eile	12,764		€2,553
Feineitiolaimín**	22,400	33,103	€1,386,013
Pipioraisín		3	€15
Táibléad Suain		51,369	€102,738
Tuaslagóir	207		€207
Cannaibionóideach Sintéiseach	9,793	-	€9,793
IOMLÁN	-	-	€30,572,365

* Ríomhtar plandaí cannabais bunaithe ar fhigiúirí a cuireadh i dtáifead ar PULSE mar gheall nach seoltar gach planda go rialta chuig an tsaotharlann Eolaíochta Fóirínsí.

** Áirítear le feineitiolaimín eacstais (MDMA) agus drugaí gaolmhara atá cosúil leis.

Staitisticí 2019 - ar lean

Alt 25 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 Treoracha ón Aire

Faoi Alt 25(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 - i ndiaidh faomhadh a fháil ón Rialtas, is féidir leis an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais treoracha scríofa a eisiúint do Choimisinéir an Gharda Síochána maidir le haon cheist a bhaineann leis an nGarda Síochána. níor eisíodh aon Treoracha ón Aire in 2019.

Alt 41 d'Acht an Gharda Síochána, 2005

Faoi Alt 41 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, cuireann Coimisinéir an Gharda Síochána eolas ar fáil don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi cheisteanna a bhaineann le forbairtí suntasacha atá tagtha ar phóilíneacht nó slándáil an Stáit. Ní dhearna Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána aon tuairiscí in 2019.

Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtadh cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus na gníomhartha a glacadh (más ann dóibh). Níor cheart go ndéanfaidh daoine nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Cumhdaítear i dtuarascáil bhliantúil seo an Gharda Síochána an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019.

Rinneadh 26 nochtadh cosanta leis an nGarda Síochána i gcaitheamh na tréimhse atá cumhdaithe ag an tuarascáil seo. Imscrúdaíodh nó tá imscrúdú á dhéanamh faoi láthair ar gach ceann den nochtadh a fuarthas.





Creidiúintí:

Arna Dearadh ag: Creativerin Design

Cruthaitheach ag: Cartlann An Garda Síochána Arna

Phriontáil ag:



garda.ie

